# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
12 Bealtaine 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/763 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta agus nochtadh poiblí an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe** [1] . . . 1


(1) Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.


GA

* Faoin tagairt L 168 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/763 ÓN gCOIMISIÚN

**an 23 Aibreán 2021**

**lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta agus nochtadh poiblí an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe an cúigiú fomhír d'Airteagal 430(7) agus an cúigiú fomhír d'Airteagal 434a de,

Ag féachaint do Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat chun institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 45i(5) agus (6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh íosleibhéal comhchuibhithe Bhileog Téarmaí ('caighdeán TLAC') an Chumais Iomláin Ionsúcháin Caillteanais (TLAC) le haghaidh institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna) ("ceanglas TLAC") a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. An forlíontán breise a bhaineann go sonrach le hinstitiúidí le haghaidh G-SIInna agus an ceanglas a bhaineann go sonrach le hinstitiúidí le haghaidh institiúidí nach G-SIInna iad, ar a dtugtar an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL), is le leasuithe spriocdhírithe a bunaíodh iad ar Threoir 2014/59/AE a tugadh isteach le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Áirítear ceanglais tuairiscithe agus nochta le haghaidh caighdeán TLAC agus MREL araon i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir 2014/59/AE faoi seach.

(2) Ós rud é go bhfuil an t-aon chuspóir amháin ag caighdeán TLAC agus MREL, mar atá, a áirithiú go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin ag institiúidí agus ag eintitis a chuirtear ar bun san Aontais, ba cheart an dá cheanglas a bheith ina ngnéithe comhlántacha de chomhchreat. Is iomchuí dá bhrí sin tacar teimpléad a bhunú le haghaidh tuairisciú agus nochtadh poiblí faisnéise comhchuibhithe faoin gceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna agus fochuideachtaí suntasacha de G-SIInna nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad (TLAC) agus MREL a bhaineann go sonrach le hinstitiúidí is infheidhme maidir leis na hinstitiúidí uile.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.
([2]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 190.
([3]) Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1).
([4]) Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).

(3) De bhun Airteagal 434a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme, a fhorbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) chun formáidí aonfhoirmeacha maidir le nochtadh a bhunú, féachfar lena áirithiú go mbeidh formáidí don nochtadh comhsheasmhach le caighdeáin idirnáisiúnta do nochtuithe chun inchomparáideacht na faisnéise a éascú. I mí na Nollag 2018, d'fhoilsigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) ceanglais nochta nuashonraithe Cholún 3, lena n-áirítear ceanglais maidir le nochtuithe TLAC. Dá bhrí sin, ba cheart na formáidí nochta agus na treoracha gaolmhara a leagtar amach sa Rialachán seo a bheith i gcomhréir leis na ceanglais nochta sin de CBMB.

(4) Chun a áirithiú nach méadófar go míréasúnta na costais chomhlíonta le haghaidh institiúidí agus go gcoinneofar cáilíocht sonraí ar bun, ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta a ailíniú ina substaint lena chéile a mhéid is féidir, lena n-áirítear ó thaobh a minicíochta de. Thairis sin, ceanglaítear go follasach leis an tríú fomhír d'Airteagal 45i(5) agus leis an tríú fomhír d'Airteagal 45i(6) de Threoir 2014/59/AE, go n-ailíneofar na caighdeáin theicniúla chur chun feidhme maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta le haghaidh TLAC agus MREL. Dá bhrí sin, is iomchuí na caighdeáin is infheidhme maidir le tuairisciú agus nochtadh TLAC agus MREL araon a leagan amach in aon Rialachán amháin. Ag an am céanna, ba cheart gráinneacht agus minicíocht an tuairiscithe agus na nochtuithe a choigeartú de réir mar is iomchuí, ag féachaint do na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i dTreoir 2014/59/AE, faoi seach, agus don ghá atá ann a áirithiú go gcomhlíonfaidh institiúidí na ceanglais sin i gcónaí.

(5) Ceanglaítear le Treoir 2014/59/AE go ndéantar faisnéis faoi MREL a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh araon. Ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nach ndéantar faisnéis faoi TLAC a thuairisciú ach amháin chuig na húdaráis inniúla. Mar sin féin, de bhun Airteagal 45d(1) de Threoir 2014/59/AE, is éard atá in MREL d'eintitis réitigh ar G-SII nó cuid de G-SII é ceanglas TLAC agus aon fhorlíontán breise. Is iomchuí, dá bhrí sin, a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis réitigh faisnéis faoi TLAC ó G-SIInna mar chuid dá dtuairisciú MREL. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do na socruithe a thug na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh i gcrích chun sreabha sonraí a laghdú.

(6) Ceanglaítear le hAirteagal 45i(5) de Threoir 2014/59/AE go sonrófar sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme atá le forbairt ag ÚBE, bealach caighdeánaithe chun faisnéis maidir le rangú cistí dílse agus dliteanais is infheidhme ar féidir tarrtháil a thabhairt orthu go hinmheánach in imeachtaí náisiúnta dócmhainneachta i ngach Ballstát, ar chúiseanna inchomparáideachta agus deimhneachta dlíthiúla. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis réitigh faoi seach faisnéis chaighdeánaithe maidir le hordlathais dhócmhainneachta i ngach Ballstát, agus nuashonruithe tráthúla de, a chur ar fáil do na hinstitiúidí faoina ndlínse. Ba cheart go leanfadh an fhaisnéis sin leagan amach caighdeánaithe maidir le hordlathais dócmhainneachta.

(7) Maidir le dliteanais ar féidir tarrtháil a thabhairt orthu go hinmheánach arna rialú faoi dhlí tríú tír, ceanglaítear le hAirteagal 45i(5) de Threoir 2014/59/AE freisin go sonrófar sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme atá le forbairt ag ÚBE, bealach caighdeánaithe chun faisnéis a sholáthar lena léireofar na tríú tíortha a rialaíonn, ina gcuid dlíthe, na dliteanais sin agus, i gcás gach tríú tír arna sainaithint, an bhfuil an téarma conarthach sna dliteanais den sórt sin ina n-aithnítear go bhféadfaidh siad a bheith faoi réir na Treorach sin chun cumhachtaí díluachála agus comhshó a dhéanamh. Ós rud é gur gá measúnú breise a dhéanamh ar an leibhéal gráinneachta i dtuairisciú na n-eilimintí sin, déanfaidh ÚBE na treoracha gaolmhara agus na teimpléid ghaolmhara a fhorbairt agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar leithligh in am trátha chun go mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla agus ag na húdaráis réitigh ar an bhfaisnéis sin ar bhonn rialta. D'ainneoin an easpa eilimintí teoranta breise sin, ní dhéanfaidh sin difear ar chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe a cheanglaítear sa Rialachán seo agus ní chuirfidh sin moill ar chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe sin.

(8) Ba cheart do na heintitis nochta na Treoracha ábhartha a d'eisigh ÚBE a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar fhaisnéis chun a chinneadh an faisnéis ábhartha, dilseánaigh nó rúnda í i gcomhréir le hAirteagal 432 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(9) Tá an oibleagáid chun faisnéis a thuairisciú agus a nochtadh faoi TLAC a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 430(1), Airteagal 437a agus pointe (h) d'Airteagal 447 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm ón 27 Meitheamh 2019, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2019/876. Ina dhiaidh sin, a luaithe a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, ba cheart do G-SIInna agus fochuideachtaí ábhartha nach G-SIInna de chuid an Aontais Eorpaigh iad faisnéis faoi TLAC a nochtadh láithreach trí úsáid a bhaint as na teimpléid agus trí na treoracha a leanúint a leagtar síos sa Rialachán seo. I gcodarsnacht leis sin, níor cheart feidhm a bheith ag an tuairisciú ar cheanglas TLAC i gcomhréir leis an Rialachán seo ach amháin ón 28 Meitheamh 2021, chun a ndóthain ama a thabhairt do na hinstitiúidí agus do na húdaráis inniúla na ceanglais ábhartha a chur chun feidhme.

(10) Maidir le MREL, beidh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE ón 28 Nollaig 2020 ar a dhéanaí. Mar sin féin, ar na cúiseanna céanna le TLAC, ba cheart do na hinstitiúidí uile faisnéis faoi MREL a thuairisciú trí úsáid a bhaint as na teimpléid agus trí na treoracha a leanúint a leagtar síos sa Rialachán seo ón 28 Meitheamh 2021. I gcodarsnacht leis sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí MREL a bheith ag teacht le deireadh na hidirthréimhse de bhun an tríú fomhír d'Airteagal 45m(1) de Threoir 2014/59/AE, i.e. an 1 Eanáir 2024 ar a luaithe.

(11) I bhfianaise an ghá atá ann go ndéanfadh na hinstitiúidí, na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh a gcórais tuairiscithe agus leictreonacha a oiriúnú do na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart an 30 Meán Fómhair 2021 ar a dhéanaí a bheith mar an dáta íocaíochta le haghaidh tuairisciú ráithiúil i ndáil le sonraí a bhfuil an dáta tagartha an 30 Meitheamh 2021 ag baint leo.

(12) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚBE atá an Rialachán seo bunaithe.

(13) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

## TUAIRISCIÚ MAOIRSEACHTA

*Airteagal 1*

### Dátaí tuairiscithe tagartha

Na heintitis faoi réir ceanglais tuairiscithe le haghaidh an chumais iomláin ionsúcháin caillteanais (TLAC) agus an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe(MREL) ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite (eintitis tuairiscithe), cuirfidh siad faisnéis faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh, faoi mar atá an fhaisnéis sin, ar na dátaí tagartha seo a leanas maidir le tuairisciú:

(a) le haghaidh tuairisciú ráithiúil: an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig;

(b) le haghaidh tuairisciú leathbhliantúil: an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig;

(c) le haghaidh tuairisciú bliantúil: an 31 Nollaig.

*Airteagal 2*

### Dátaí íocaíochta

1. Cuirfidh institiúidí tuairiscithe faisnéis faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh faoi am dúnta gnó na laethanta íocaíochta seo a leanas:

(a) le haghaidh tuairisciú ráithiúil: an 19 Bealtaine, an 18 Lúnasa, an 18 Samhain agus an 18 Feabhra, seachas sonraí a bhaineann leis an dáta tagartha an 30 Meitheamh 2021, sonraí a mbeidh an 30 Meán Fómhair 2021 ar a dhéanaí ag baint leo mar an dáta íocaíochta;

(b) le haghaidh tuairisciú leathbhliantúil: an 18 Lúnasa agus an 18 Feabhra;

(c) le haghaidh tuairisciú bliantúil: an 18 Feabhra.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Nuair is saoire phoiblí é lá na híocaíochta i mBallstát an údaráis inniúil nó an údaráis réitigh dá bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 le cur isteach, nó más Satharn nó Domhnach é, cuirfear an fhaisnéis sin isteach faoi am dúnta gnó an lá oibre dár gcionn.

3. Féadfaidh eintitis tuairiscithe figiúirí a chur isteach nach bhfuil tuairim ó iniúchóir seachtrach faighte ina leith (figiúirí neamhiniúchta). I gcás nach mar a chéile na figiúirí a d'iniúch iniúchóir seachtrach agus tuairim iniúchóireachta á cur in iúl aige (figiúirí iniúchta) agus na figiúirí neamhiniúchta a cuireadh isteach, cuirfidh eintitis tuairiscithe na figiúirí athbhreithnithe na figiúirí iniúchta athbhreithnithe isteach gan moill mhíchuí.

4. Cuirfidh eintitis tuairiscithe aon cheartuithe eile isteach chuig na húdaráis inniúla agus chuig na húdaráis réitigh gan moill mhíchuí.

*Airteagal 3*

**Formáid agus minicíocht an tuairiscithe ó na heintitis réitigh ar bhonn aonair**

1. Na heintitis réitigh nach bhfuil fochuideachtaí ag gabháil leo atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Treoir 2014/59/AE i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, cuirfidh siad faisnéis isteach chuig na húdaráis inniúla agus na húdaráis réitigh ar bhonn aonair mar a leanas:

(a) faisnéis faoi phríomh-mhéadrachtaí mar a shonraítear i gcolún 0010 de theimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) maidir le faisnéis faoi chomhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolún 0010 de theimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) faisnéis faoi struchtúr cistiúcháin na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i dteimpléad 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.3 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) maidir le hionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tíortha mar a shonraítear i dteimpléad 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 4 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Cuirfidh na heintitis réitigh faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh an fhaisnéis faoi mhiondealú na gcistí dílse agus na ndliteanas de réir rangú dócmhainneachta mar a shonraítear i dteimpléad 6 d'Iarscríbhinn I ar bhonn aonair le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 3.2 de Chuid II d'Iarscríbhinn II.

3. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, eintitis réitigh atá faoi réir an cheanglais a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn aonair i gcomhréir le hAirteagal 6(1a) den Rialachán sin, cuirfidh na heintitis sin faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh faisnéis ar bhonn aonair mar a leanas:

(a) faisnéis faoi phríomh-mhéadrachtaí mar a shonraítear i gcolún 0020 de theimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) faisnéis faoi chomhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolúin 0020 agus 0030 de theimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

**Formáid agus minicíocht an tuairiscithe ó na heintitis réitigh ar bhonn comhdhlúite**

1. Cuirfidh na heintitis réitigh atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, cuirfidh na heintitis sin faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh faisnéis ar bhonn comhdhlúite mar a leanas:

(a) faisnéis faoi phríomh-mhéadrachtaí mar a shonraítear i gcolún 0010 de theimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) faisnéis faoi chomhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolún 0010 de theimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) faisnéis faoi struchtúr cistiúcháin na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i dteimpléad 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.3 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) faisnéis faoi ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tíortha mar a shonraítear i dteimpléad 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 4 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, na heintitis atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 11(3a) den Rialachán sin, cuirfidh siad faisnéis ar bhonn comhdhlúite faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh mar a leanas:

(a) faisnéis faoi phríomh-mhéadrachtaí mar a shonraítear i gcolún 0020 de theimpléad 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) faisnéis faoi chomhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolúin 0020 agus 0030 de theimpléad 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Formáid agus minicíocht an tuairiscithe ar bhonn aonair ó na heintitis réitigh nach eintitis réitigh iad féin agus ó fhochuideachtaí suntasacha na n-institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéimeach leo agus nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad**

1. Eintitis nach eintitis réitigh iad féin agus atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE ar bhonn aonair i gcomhréir le hAirteagal 45f den Treoir sin, cuirfidh na heintitis sin faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh faisnéis ar bhonn aonair mar a leanas:

(a) faisnéis faoi mhéid agus comhdhéanamh agus na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolún 0010 de theimpléad 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.2 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) faisnéis faoi struchtúr cistiúcháin na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i dteimpléad 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.3 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) faisnéis faoi ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tíortha mar a shonraítear i dteimpléad 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 4 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Cuirfidh eintitis nach eintitis réitigh iad féin faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh an fhaisnéis faoi mhiondealú na gcistí dílse agus na ndliteanas de réir rangú dócmhainneachta mar a shonraítear i dteimpléad 5 d'Iarscríbhinn I ar bhonn aonair le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 3.1 de Chuid II d'Iarscríbhinn II.

3. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, eintitis atá ina bhfochuideachtaí suntasacha d'institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéimeach leo agus nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad (G-SIInna) agus atá faoi réir an cheanglais a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn aonair i gcomhréir le hAirteagal 6(1a) den Rialachán sin, cuirfidh na heintitis sin faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh faisnéis faoi mhéid agus faoi chomhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolún 0020 de theimpléad 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo ar bhonn aonair le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.2 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 6*

**Formáid agus minicíocht an tuairiscithe ar bhonn comhdhlúite ó na heintitis réitigh nach eintitis réitigh iad féin agus ó fhochuideachtaí suntasacha na n-institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéimeach leo agus nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad**

1. Eintitis nach eintitis réitigh iad féin agus atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 45f den Treoir sin, cuirfidh na heintitis sin faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh faisnéis ar bhonn comhdhlúite mar a leanas:

(a) faisnéis faoi mhéid agus comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolún 0010 de theimpléad 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.2 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le minicíocht ráithiúil;

(b) faisnéis faoi struchtúr cistiúcháin na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i dteimpléad 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.3 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) maidir le hionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tíortha mar a shonraítear i dteimpléad 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar í a thuairisciú le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 4 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, eintitis atá ina bhfochuideachtaí suntasacha de G-SIInna nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad agus atá faoi réir an cheanglais a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 11(3a) den Rialachán sin, cuirfidh na heintitis sin faoi bhráid na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh faisnéis faoi mhéid agus faoi chomhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe mar a shonraítear i gcolún 0020 de theimpléad 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo ar bhonn comhdhlúite le minicíocht ráithiúil i gcomhréir leis na treoracha i bpointe 2.2 de Chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 7*

**Formáidí malartaithe sonraí agus faisnéis a bhaineann le sonraí a chur isteach**

1. Cuirfidh na heintitis tuairiscithe faisnéis isteach i gcomhréir leis an Rialachán seo sna formáidí agus sna huiríll malartaithe sonraí a shonróidh a n-údaráis inniúla nó a n-údaráis réitigh, i gcomhréir leis na sainmhínithe pointe sonraí a áirítear sa tsamhail pointe sonraí agus sna rialacha bailíochtaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Agus faisnéis á tíolacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, urramóidh na heintitis tuairiscithe seo a leanas:

(a) faisnéis nach bhfuil ag teastáil nó nach infheidhme, ní áireofar i dtíolacadh sonraí í;

(b) cuirfear luachanna uimhriúla isteach mar a leanas:

(i) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí "Airgeadaíoch" ag gabháil leo a thuairisciú ag baint úsáide as beachtas íosta is ionann agus na milliúin aonad;

(ii) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí "Céatadán" ag gabháil leo a shloinneadh in aghaidh an aonaid agus beachtas íosta acu is ionann agus ceithre dheachúil;

(iii) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí "Slánuimhir" ag gabháil leo a thuairisciú gan úsáid a bhaint as aon deachúil agus trí úsáid a bhaint as beachtas is ionann agus aonaid;

(c) is trína n-Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), agus ar an gcaoi sin amháin, a aithneofar institiúidí. déanfar eintitis dhlítheanacha agus contrapháirtithe seachas institiúidí a aithint de réir a LEI, má tá fáil orthu.

3. Faisnéis a chuirfidh na heintitis tuairiscithe isteach i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas ag gabháil léi:

(a) dáta tagartha tuairiscithe agus tréimhse thagartha;

(b) airgeadra tuairiscithe;

(c) caighdeán cuntasaíochta;

(d) LEI na hinstitiúide nochta;

(e) raon feidhme an chomhdhlúthaithe.

*Airteagal 8*

**Leagan amach caighdeánaithe na ranguithe dócmhainneachta**

1. Tiomsóidh na húdaráis réitigh faisnéis maidir le rangú ítimí ina n-imeachtaí náisiúnta dócmhainneachta san fhormáid chaighdeánaithe a shonraítear in Iarscríbhinn IV. Déanfaidh siad an fhaisnéis sin a nuashonrú de réir mar a thagann athruithe uirthi gan moill mhíchuí.

2. Foilseoidh na húdaráis réitigh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chun go mbeidh sí ar fáil d'institiúidí atá faoi réir a maoirseachta.

TEIDEAL II

**NOCHTADH POIBLÍ AG INSTITIÚIDÍ**

*Airteagal 9*

**Minicíocht an nochta agus na ndátaí nochta**

1. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 10(1) ar bhonn ráithiúil. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 10(2) ar bhonn leathbhliantúil.

2. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagail 11(1) agus 14(1) ar bhonn leathbhliantúil. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus Airteagal 14(2) ar bhonn bliantúil.

3. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 12(1) ar bhonn ráithiúil. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 12(2) ar bhonn leathbhliantúil.

4. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 13(1) ar bhonn leathbhliantúil. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 13(2) ar bhonn bliantúil.

5. Déanfar nochtuithe dá dtagraítear in Airteagal 15 mar a leanas:

(a) ar bhonn leathbhliantúil nuair is institiúid mhór é an t-eintiteas nochta;

(b) ar bhonn bliantúil nuair nach institiúid mhór ná institiúid bheag neamhchasta í an institiúid.

6. Chun críocha nochta phoiblí, urramóidh na heintitis nochta na nithe seo a leanas:

(a) foilseofar nochtuithe bliantúla ar an dáta a bhfoilseoidh na hinstitiúidí a ráitis airgeadais nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin;

(b) foilseofar nochtuithe leathbhliantúla agus ráithiúla ar an dáta a bhfoilseoidh na hinstitiúidí a dtuarascálacha airgeadais don tréimhse chomhfhreagrach nuair is infheidhme nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin;

(c) beidh aon mhoill idir dáta foilsithe na nochtuithe a cheanglaítear faoin Teideal seo agus dáta foilsithe na ráiteas airgeadais ábhartha réasúnta agus, in aon chás, ní rachaidh sí thar aon tréimhse ama a leagfaidh na húdaráis inniúla amach de bhun Airteagal 106 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6].

*Airteagal 10*

**Nochtadh na bpríomh-mhéadrachtaí maidir leis na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe agus na ceanglais maidir leis na cistí dílse agus na dliteanais a dhéanann na heintitis réitigh**

1. Na heintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh ar G-SII nó cuid de G-SII iad, déanfaidh siad na nochtuithe a cheanglaítear i bpointe (h) d'Airteagal 447 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i bpointe (a) agus i bpointe (c) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE i gcomhréir le teimpléad AE KM2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Na heintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh nach G-SII nó cuid de G-SII iad, déanfaidh siad na nochtuithe a cheanglaítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE i gcomhréir le teimpléad AE KM2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 11*

**Nochtadh an chomhdhéanaimh maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a dhéanann na heintitis réitigh**

1. Na heintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh ar G-SII nó cuid de G-SII iad, déanfaidh siad na nochtuithe a cheanglaítear i bpointe (a), pointe (c) agus pointe (d) d'Airteagal 437a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an nochtadh maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a cheanglaítear i bpointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE i gcomhréir le teimpléad AE TLAC1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Na heintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh nach G-SII nó cuid de G-SII iad, déanfaidh siad an nochtadh maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE i gcomhréir le teimpléad AE TLAC1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 12*

**Nochtadh na bpríomh-mhéadrachtaí agus an chumais ionsúcháin caillteanais a dhéanann eintitis nach eintitis réitigh iad féin**

1. Na heintitis atá ina bhfochuideachtaí suntasacha de G-SIInna nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad nó eintitis nach eintitis réitigh iad, déanfaidh siad na nochtuithe seo a leanas i gcomhréir le teimpléad AE ILAC d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) nochtuithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointí (a), (c) agus (d) d'Airteagal 437a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(b) nochtuithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 447 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) nochtuithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointí (a) agus (c) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE;

(d) nochtuithe maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE.

[6] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

2. Na heintitis seachas iad sin atá ina bhfochuideachtaí suntasacha de G-SIInna nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad, déanfaidh siad na nochtuithe seo a leanas i gcomhréir le teimpléad AE ILAC d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) nochtuithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointí (a) agus (c) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE;

(b) nochtuithe maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE.

*Airteagal 13*

**Nochtadh rangú na gcreidiúnaithe a dhéanann eintitis neamhréitigh**

1. Na heintitis atá ina bhfochuideachtaí suntasacha de G-SIInna nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad nó eintitis nach eintitis réitigh iad, déanfaidh siad na nochtuithe maidir leis an bpróifíl aibíochta agus an rangú i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 437a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i bpointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE, i gcomhréir le teimpléad AE TLAC2a d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Na heintitis seachas fochuideachtaí suntasacha de G-SIInna nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad nó eintitis nach eintitis réitigh iad, déanfaidh siad na nochtuithe maidir leis an bpróifíl aibíochta agus an aicmiú i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE, i gcomhréir le teimpléad AE TLAC2b d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Féadfaidh eintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a roghnú úsáid a bhaint as teimpléad AE TLAC2a seachas AE TLAC2b chun faisnéis a nochtadh faoin bpróifíl aibíochta agus faoin rangú i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE.

*Airteagal 14*

**Nochtadh rangú na gcreidiúnaithe a dhéanann eintitis réitigh**

1. Na heintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh ar G-SIInna nó cuid de G-SII iad, déanfaidh siad na nochtuithe maidir leis an bpróifíl aibíochta agus an rangú i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 437a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i bpointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE, i gcomhréir le teimpléad AE TLAC3a d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Na heintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh nach G-SIInna nó cuid de G-SII iad, déanfaidh siad na nochtuithe maidir leis an bpróifíl aibíochta agus an rangú i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE, i gcomhréir le teimpléad AE TLAC3b d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo agus leis na treoracha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Féadfaidh eintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a roghnú úsáid a bhaint as teimpléad AE TLAC3a seachas AE TLAC3b chun faisnéis a nochtadh faoin bpróifíl aibíochta agus faoin rangú i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE.

*Airteagal 15*

**Nochtadh na bpríomhghnéithe maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

Na heintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh ar G-SIInna nó cuid de G-SII iad agus eintitis atá ina bhfochuideachtaí suntasacha de G-SIInna nach institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh iad agus nach eintitis réitigh iad, déanfaidh siad na nochtuithe a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 437a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 434a den Rialachán sin.

*Airteagal 16*

**Rialacha ginearálta maidir le nochtadh**

1. I gcás ina bhfágfaidh na heintitis nochtadh amháin nó níos mó ar lár i gcomhréir le hAirteagal 432 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, féadfar rónna nó colúin na dteimpléad nó na dtáblaí a leagtar síos sa Rialachán seo a fhágáil folamh agus ní dhéanfar uimhriú na rónna nó na gcolún ina dhiaidh sin a choigeartú.

2. Déanfaidh na heintitis nochta nóta soiléir maidir leis na rónna folmha agus na colúin fholmha sa teimpléad nó sa tábla ábhartha agus an chúis atá leis an nochtadh ábhartha a fhágáil ar lár.

3. Beidh an insint cháilíochtúil agus aon fhaisnéis fhorlíontach riachtanach eile a ghabhann le nochtuithe cainníochtúla i gcomhréir le hAirteagal 431 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 soiléir agus cuimsitheach go leordhóthanach, rud a chuirfidh ar chumas do na húsáideoirí faisnéise na nochtuithe cainníochtúla a thuiscint agus cuirfear iad in aice leis na teimpléid, a ndéanann siad cur síos orthu.

4. Urramóidh na heintitis nochta seo a leanas maidir le luachanna uimhriúla a nochtadh:

(a) déanfar sonraí airgeadaíochta cainníochtúla a nochtadh ag baint úsáide as beachtas íosta is ionann agus na milliúin aonad.

(b) déanfar sonraí cainníochtúla a nochtar mar "Céatadán" a shloinneadh in aghaidh an aonaid agus beachtas íosta acu is ionann agus ceithre dheachúil.

5. Leis an bhfaisnéis a nochtar, cuirfidh na heintitis nochta an méid seo a leanas:

(a) dáta tagartha nochta agus tréimhse thagartha;

(b) airgeadra nochta;

(c) ainm agus, i gcás inarb ábhartha, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an eintitis nochta;

(d) i gcás inarb iomchuí, caighdeán cuntasaíochta; agus

(e) i gcás inarb iomchuí, raon feidhme comhdhlúthaithe.

TEIDEAL III

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 17*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Teideal I ón 28 Meitheamh 2021.

Beidh feidhm ag Teideal II ón 1 Meitheamh 2021 a mhéid a bhaineann leis na nochtuithe i gcomhréir le hAirteagal 437a agus le pointe (h) d'Airteagal 447 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus ó dháta chur i bhfeidhm na gceanglas nochta i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/879, a mhéid a bhaineann leis na nochtuithe i gcomhréir le hAirteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 23 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**TUAIRISCIÚ AR AN ÍOSCHEANGLAS MAIDIR LE CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE**

| TEIMPLÉID MREL agus TLAC | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir theimpléid** | **Cód teimpléid** | **Ainm an teimpléid / grúpa teimpléad** | **Ainm gairid** |
| | | **MÉIDEANNA: PRÍOMH-MHÉADRACHTAÍ MREL agus TLAC** | |
| 1 | M 01.00 | Príomh-mhéadrachtaí le haghaidh MREL agus TLAC (grúpaí réitigh / eintitis) | KM2 |
| | | **COMHDHÉANAMH AGUS AIBÍOCHT** | |
| 2 | M 02.00 | Inniúlacht agus comhdhéanamh MREL agus TLAC (grúpaí réitigh / eintitis) | TLAC1 |
| 3 | M 03.00 | MREL inmheánach agus TLAC inmheánach | ILAC |
| 4 | M 04.00 | Struchtúr cistiúcháin dliteanas incháilithe | LIAB-MREL |
| | | **RANGÚ CREIDIÚNAITHE** | |
| 5 | M 05.00 | Rangú creidiúnaithe (eintiteas nach eintiteas réitigh é) | TLAC2 |
| 6 | M 06.00 | Rangú creidiúnaithe (eintitis réitigh) | TLAC3 |
| | | **FAISNÉIS A BHAINEANN GO SONRACH LE CONARTHAÍ** | |
| 7 | M 07.00 | Ionstraimí atá faoi rialú dlí tríú tír | MTCI |

**M 01.00 - Príomh-mhéadrachtaí le haghaidh MREL agus TLAC (grúpaí réitigh / eintitis) (KM2)**

| | | Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) | Ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna (TLAC) |
|---|---|---|---|
| | | 0010 | 0020 |
| | **Méid na risíochta iomláine ar phriacal agus tomhas na risíochta iomláine** | | |
| 0100 | **MÉID NA RISÍOCHTA IOMLÁINE AR PHRIACAL (TREA)** | | |
| 0110 | **TOMHAS NA RISÍOCHTA IOMLÁINE (TEM)** | | |
| | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe** | | |
| 0200 | **CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE** | | |
| 0210 | Ar a bhfuil: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | |
| 0220 | Atá faoi rialú dlí tríú tír | | |
| 0230 | Ar a bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE | | |
| | **Dliteanais eile ar féidir tarrtháil a thabhairt orthu** | | |
| 0250 | **DLITEANAIS EILE AR FÉIDIR TARRTHÁIL A THABHAIRT ORTHU** | | |
| 0260 | Atá faoi rialú dlí tríú tír | | |
| 0270 | Ar a bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE | | |
| 0280 | Aibíocht iarmhair < 1 bhliain | | |
| 0285 | Aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | | |
| 0290 | Aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | | |
| | **Cóimheasa agus díolúintí fo-ordúcháin** | | |
| 0300 | **CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE MAR CHÉATADÁN DE MHÉID NA RISÍOCHTA IOMLÁINE AR PHRIACAL (TREA)** | | |
| 0310 | Ar a bhfuil: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | |
| 0320 | **CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE MAR CHÉATADÁN DE THOMHAS NA RISÍOCHTA IOMLÁINE (TEM)** | | |
| 0330 | Ar a bhfuil cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | |
| 0340 | An bhfuil feidhm ag an díolúine fo-ordúcháin a leagtar síos in Airteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013? (díolúine 5 %) | | |

| | | Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) | Ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna (TLAC) |
|---|---|---|---|
| | | 0010 | 0020 |
| 0350 | Méid comhiomlán na n-ionstraimí dliteanas incháilithe neamh-fho-ordaithe a cheadaítear má chuirtear an lánrogha fo-ordúcháin i bhfeidhm a leagtar síos in Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (díolúine 3.5 % ar a mhéad) | | |
| 0360 | Sciar na ndliteanas neamh-fho-ordaithe a áirítear i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe | | |

**M 02.00 - Inniúlacht agus comhdhéanamh MREL agus TLAC (grúpaí réitigh / eintitis)(TLAC1)**

| | | Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) | Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) | Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC |
|---|---|---|---|---|
| | | 0010 | 0020 | 0030 |
| 0010 | **CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE** | | | |
| 0020 | **(Incháilithe) Cistí dílse** | | | |
| 0030 | **Caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1** | | | |
| 0040 | **(Incháilithe) Caipiteal Breise Leibhéal 1** | | | |
| 0050 | **(Incháilithe) Caipiteal Leibhéal 2** | | | |
| 0060 | **Dliteanais incháilithe** | | | |
| 0070 | **Ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe** | | | |
| 0080 | ar a bhfuil: dliteanais incháilithe a mheastar a bheith fo-ordaithe ó thaobh struchtúir de | | | |
| 0090 | Dliteanais incháilithe atá fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata | | | |
| 0100 | Ionstraimí dliteanas incháilithe a d'eisigh an t-eintiteas réitigh go díreach (nach bhfuil marthanaithe) | | | |
| 0110 | Ionstraimí dliteanas incháilithe a d'eisigh eintitis eile laistigh den ghrúpa réitigh (nach bhfuil marthanaithe) | | | |
| 0120 | ionstraimí dliteanas incháilithe a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019 | | | |
| 0130 | Ionstraimí Leibhéal 2 ag a bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Leibhéal 2 | | | |

| | | Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) | Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) | Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC |
|---|---|---|---|---|
| | | 0010 | 0020 | 0030 |
| 0140 | Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata | | | |
| 0150 | Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe, sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm) | | | |
| 0160 | Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019 (sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm) | | | |
| 0170 | Méideanna atá incháilithe tar éis uasteorainn Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm (nach bhfuil marthanaithe) | | | |
| 0180 | Méideanna atá incháilithe tar éis uasteorainn Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear míreanna arna n-eisiúint roimh an 27 Meitheamh 2019 | | | |
| 0190 | (-) **Asbhaintí** | | | |
| 0200 | (-) Risíochtaí idir grúpaí réitigh an phointe iontrála aonair (MPE) | | | |
| 0210 | (-) Infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile | | | |
| 0220 | **Barrachas na n-asbhaintí ó dhliteanais incháilithe thar dhliteanais incháilithe (a asbhaintear ó Leibhéal 2)** | | | |
| **ÍTIMÍ LE MEABHRÚ** | | | | |
| 0400 | **CET1 (%) ar fáil tar éis ceanglais an eintitis a chomhlíonadh** | | | |
| 0410 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)** | | | |
| 0420 | ar a bhfuil: ceanglas maidir le caipiteal maolánach caomhantais | | | |

| | | Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) | Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) | Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC |
|---|---|---|---|---|
| | | 0010 | 0020 | 0030 |
| 0430 | ar a bhfuil: Ceanglas maolánach comhcheangailte | | | |
| 0440 | ar a bhfuil: ceanglas maoláin maidir le priacal sistéamach | | | |
| 0450 | ar a bhfuil: Institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéamach léi (G-SII) nó maolán um Institiúid eile a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda léi (O-SII) | | | |
| 0460 | **Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe institiúidí eile** | | | |
| 0470 | Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe G-SIInna | | | |
| 0480 | Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe O-SIInna | | | |
| 0490 | Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe institiúidí eile | | | |
| 0500 | **Dliteanais eisiata** | | | |

**M 03.00 - MREL inmheánach agus TLAC inmheánach (ILAC)**

| | | MREL inmheánach | TLAC inmheánach |
|---|---|---|---|
| | | 0010 | 0020 |
| 0010 | Leibhéal cur i bhfeidhm | | |
| | **Méid na risíochta iomláine ar phriacal agus tomhas na risíochta iomláine** | | |
| 0100 | **Méid na risíochta iomláine ar phriacal (TREA)** | | |
| 0110 | **Tomhas na risíochta iomláine (TEM)** | | |
| | **Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe** | | |
| 0200 | **Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe** | | |
| 0210 | **Cistí dílse incháilithe** | | |
| 0220 | Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) | | |
| 0230 | Caipiteal Breise Leibhéal 1 atá Incháilithe | | |
| 0240 | Caipiteal Leibhéal 2 Incháilithe | | |
| 0250 | **Dliteanais incháilithe agus ráthaíochtaí** | | |
| 0260 | Dliteanais incháilithe (seachas ráthaíochtaí) | | |
| 0270 | Ráthaíochtaí arna soláthar ag an eintiteas réitigh agus arna gceadú ag an údarás réitigh | | |
| 0280 | Ítim meabhráin: Cuid chomhthaobhaithe den ráthaíocht | | |
| 0290 | (-) **Dliteanais nó a gcomhionann** | | |
| | **Cóimheasa cistí dílse incháilithe agus dliteanas incháilithe** | | |
| 0400 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de mhéid na risíochta iomláine ar phriacal (TREA)** | | |
| 0410 | ar a bhfuil ráthaíochtaí ceadaithe | | |
| 0420 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine (TEM)** | | |
| 0430 | ar a bhfuil ráthaíochtaí ceadaithe | | |
| 0440 | **CET1 (%) ar fáil tar éis ceanglais an eintitis a chomhlíonadh** | | |
| | **Ítimí le meabhrú** | | |
| 0500 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)** | | |
| 0510 | ar a bhfuil: ceanglas maidir le caipiteal maolánach caomhantais | | |

| | | MREL inmheánach | TLAC inmheánach |
|---|---|---|---|
| | | 0010 | 0020 |
| 0520 | ar a bhfuil: Ceanglas maolánach comhcheangailte | | |
| 0530 | ar a bhfuil: ceanglas maoláin maidir le priacal sistéamach | | |
| 0540 | ar a bhfuil: Institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéamach léi (G-SII) nó maolán um Institiúid eile a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda léi (O-SII) | | |
| 0550 | **Dliteanais eile ar féidir tarrtháil a thabhairt orthu** | | |
| 0560 | Atá faoi rialú dlí tríú tír | | |
| 0570 | ar a bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE | | |
| 0580 | Aibíocht iarmhair < 1 bhliain | | |
| 0590 | Aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | | |
| 0600 | Aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | | |
| 0610 | **Dliteanais eisiata** | | |

**M 04.00 - Struchtúr cistiúcháin cistí incháilithe (LIAB MREL)**

| | | Méid incháilithe le haghaidh MREL / MREL inmhéanach |
|---|---|---|
| | | 0010 |
| 0100 | DLITEANAIS INCHÁILITHE | |
| 0200 | **Taiscí, neamhchumhdaithe agus neamhfhabhracha >= 1 bhliain** | |
| 0210 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | |
| 0220 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | |
| 0230 | ar a bhfuil: arna n-eisiúint ag fochuideachtaí | |
| 0300 | **Dliteanais urraithe neamh-chomhthaobhaithe >= 1 bhliain** | |
| 0310 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | |
| 0320 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | |
| 0330 | ar a bhfuil: arna n-eisiúint ag fochuideachtaí | |
| 0400 | **Nótaí struchtúrtha >= 1 bhliain** | |
| 0410 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | |
| 0420 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | |
| 0430 | ar a bhfuil: arna n-eisiúint ag fochuideachtaí | |
| 0500 | **Dliteanais neamhurraithe shinsearacha >= 1 bhliain** | |
| 0510 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | |
| 0520 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | |
| 0530 | ar a bhfuil: arna n-eisiúint ag fochuideachtaí | |
| 0600 | **Dliteanais neamhthosaíochta shinsearaigh >= 1 bhliain** | |
| 0610 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | |
| 0620 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | |
| 0630 | ar a bhfuil: arna n-eisiúint ag fochuideachtaí | |
| 0700 | **Dliteanais fho-ordaithe (nach sainaithnítear mar chistí dílse) >= 1 bhliain** | |
| 0710 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | |

| | | **Méid incháilithe le haghaidh MREL / MREL inmhéanach** |
|---|---|---|
| | | 0010 |
| 0720 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | |
| 0730 | ar a bhfuil: arna n-eisiúint ag fochuideachtaí | |
| 0800 | **Dliteanais incháilithe MREL eile >= 1 bhliain** | |
| 0810 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain | |
| 0820 | ar a bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain | |
| 0830 | ar a bhfuil: arna n-eisiúint ag fochuideachtaí | |

**M 05.00 Rangú creidiúnaithe (eintiteas nach eintiteas réitigh é) (TLAC2)**

| **Rangú dócmhain neachta** | **Cineál creidiúnaí** | **Tuairisc ar rangú dócmhain neachta** | **Dliteanais agus cistí dílse** | | **Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | ar a bhfuil: dliteanais eisiata | | ar a bhfuil: cistí dílse agus dliteanais incháilithe chun críocha MREL inmheánach | | | | | |
| | | | | | | | ar a bhfuil: ina bhfuil aibíocht iarmhair | | | | ar a bhfuil: urrúis suthaine |
| | | | | | | | ≥ 1 bhliain < 2 bhliain | ≥ 2 bhliain < 5 bliana | ≥ 5 bliana < 10 mbliana | ≥ 10 mbliana | |
| 0010 | 0020 | 0030 | 0040 | 0050 | 0060 | 0070 | 0080 | 0090 | 0100 | 0110 | 0120 |
| | | | | | | | | | | | |

**M 06.00 Rangú creidiúnaithe (eintitis réitigh) (TLAC3)**

| Rangú dócmhain neachta | Tuairisc ar rangú dócmhain neachta | Dliteanais agus cistí dílse | | Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | ar a bhfuil: dliteanais eisiata | | ar a bhfuil: cistí dílse agus dliteanais incháilithe a d'fhéadfadh a bheith incháilithe le haghaidh MREL a chomhlíonadh | ar a bhfuil: ina bhfuil aibíocht iarmhair | | | | ar a bhfuil: urrúis suthaine |
| | | | | | | ≥ 1 bhliain < 2 bhliain | ≥ 2 bhliain < 5 bliana | ≥ 5 bliana < 10 mbliana | ≥ 10 mbliana | |
| 0010 | 0020 | 0030 | 0040 | 0050 | 0060 | 0070 | 0080 | 0090 | 0100 | 0110 |
| | | | | | | | | | | |

## M 07.00 Ionstraimí atá faoi rialú dlí tríú tír (MTCI)

| Eintiteas eisiúna | | | Aitheantóir conartha | Dlí rialaithe (tríú tír) | Aitheantas conarthach cumhachtaí díluachála agus comhshó | Cóir rialála | | Méid | Rangú i ngnáthimeachtaí dócmhain neachta | | Aibíocht | (An chéad) dáta inghlaoite | Glao rialála (Tá/Níl) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ainm | Cód | Cineál cóid | | | | Cineál cistí dílse agus dliteanas incháilithe | Cineál ionstraime | | Dlí rialaithe | Rangú dócmhain neachta | | | |
| 0010 | 0020 | 0030 | 0040 | 0050 | 0060 | 0070 | 0080 | 0090 | 0100 | 0110 | 0120 | 0130 | 0140 |
| | | | | | | | | | | | | | |

*IARSCRÍBHINN II*

**TUAIRISCIÚ AR AN ÍOSCHEANGLAS MAIDIR LE CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE – TREORACHA**

**CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Struchtúr agus coinbhinsiúin

1.1. Struchtúr

1. Tá ceithre ghrúpa teimpléad sa chreat seo chun tuairisciú ar MREL agus TLAC:

(a) méideanna: príomh-mhéadrachtaí ICDI agus TLAC;

(b) comhdhéanamh agus aibíocht;

(c) rangú creidiúnaithe;

(d) faisnéis a bhaineann go sonrach le conradh.

2. I gcás gach teimpléid soláthraítear tagairtí dlí. Áirítear sa chuid seo den Rialachán tuilleadh faisnéise mionsonraithe maidir le gnéithe níos ginearálta den tuairisciú ar gach tacar teimpléad agus treoracha maidir le suíomhanna sonracha.

1.2. Coinbhinsiún uimhrithe

3. Sa doiciméad seo, leantar an coinbhinsiún lipéadaithe a leagtar amach i bpointí (a) go (d) nuair a thagraítear do cholúin, do rónna agus do chealla na dteimpléad. Úsáidtear na cóid uimhriúla sin go forleathan sna rialacha maidir le bailíochtú mar a shainmhínítear i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

(a) leantar an nodaireacht ghinearálta seo a leanas: {Teimpléad;Ró;Colún};

(b) tagairtí laistigh de theimpléad, ní áirítear léiriú ar an teimpléad: {Ró;Colún};

(c) i gcás teimpléid nach bhfuil ach aon cholún amháin iontu, ní thagraítear ach do na rónna: {Teimpléad;Ró};

(d) úsáidtear comhartha réiltín chun a chur in iúl go gcumhdaíonn an tagairt na rónna nó na colúin atá sonraithe roimhe seo.

1.3. Coinbhinsiún comhartha

4. Déanfar aon mhéid a mhéadaíonn na cistí dílse agus dliteanais incháilithe, na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal, tomhas risíochta an chóimheasa giarála nó na ceanglais a thuairisciú mar fhigiúr deimhneach. Os a choinne sin, déanfar aon mhéid a laghdaíonn na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe, na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de, tomhas risíochta an chóimheasa giarála nó na ceanglais a thuairisciú mar fhigiúr diúltach. I gcás ina bhfuil comhartha diúltach (-) roimh lipéad ítime, ní bheifear ag súil leis go dtuairisceofar figiúr deimhneach le haghaidh na hítime sin.

1.4. Giorrúcháin

5. Beidh feidhm ag na giorrúcháin seo a leanas chun críoch na nIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) Tagraíonn 'MREL' don íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe de bhun in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE ([1]);

([1]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh institiúidí creidmheasa agus comhlachtaí infheistíochta a théarnamh agus a réiteach agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

(b) Tagraíonn 'TLAC' do na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais le haghaidh incháilithe le haghaidh institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo G-SIIanna de bhun Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([2]);

(c) Tagraíonn 'TLAC inmheánach' don cheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(d) Le 'MREL inmheánach' tagraítear don MREL a chuirtear i bhfeidhm ar eintitis nach eintitis réitigh iad de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE.

**CUID II: TREORACHA A BHAINEANN LE TEIMPLÉID**

1. Méideanna: M 01.00 – Príomh-mhéadrachtaí le haghaidh MREL agus TLAC (KM2)

1.1. Barúlacha Ginearálta

6. An colún ina ndéantar tagairt don Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL), déanfaidh eintitis atá faoi réir an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe é a líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 45e de Threoir 2014/59/AE. Is iad na heintitis sin atá faoi oibleagáid ceanglas Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, agus na heintitis sin amháin, a thuairisceoidh ítimí a thagraíonn don cheanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC).

1.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)**<br><br>Airteagail 45 agus 45e de Threoir 2014/59/AE |
| 0020 | **Ceanglas ar G-SIInna maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC)**<br><br>Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0100 – 0120 | **Méid iomlán na risíochta ar phriacal agus tomhas na risíochta iomláine** |
| 0100 | **Méid iomlán na risíochta ar phriacal (TREA)**<br><br>Pointe (a) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Is éard a bheidh i méid iomlán na risíochta ar phriacal a thuairisceofar sa ró seo méid iomlán na risíochta ar phriacal atá ina bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme. |
| 0110 | **Tomhas na risíochta iomláine (TEM)**<br><br>Pointe (b) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE, Airteagail 429(4) agus 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Is éard a bheidh i dtomhas na risíochta iomláine a thuairiscítear sa ró seo tomhas na risíochta iomláine atá ina bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme. |

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0200 – 0230 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe** |
| 0200 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe**<br>*MREL*<br>Tuairisceofar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirfear san áireamh le haghaidh MREL mar shuim an mhéid seo a leanas:<br>(i) Cistí dílse faoi mar a shainmhínítear iad i bpointe (118) d'Airteagal 4(1) agus in Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br>(ii) dliteanais incháilithe faoi mar a shainmhínítear iad i bpointe (71a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>*TLAC*<br>Is éard a bheidh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh cheanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) an méid dá dtagraítear in Airteagal 72l de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arb é a bheidh ann:<br>(i) Cistí dílse faoi mar a shainmhínítear iad i bpointe (118) d'Airteagal 4(1) agus in Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br>(ii) dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0210 | **Ar díobh sin: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br>Tuairisceofar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a chuirfear san áireamh le haghaidh MREL mar shuim an mhéid seo a leanas:<br>(i) cistí dílse mar a shainmhínítear iad i bpointe (118) d'Airteagal 4(1) agus in Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br>(ii) dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) den Treoir sin;<br>(iii) dliteanais a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0220 | **Atá faoi rialú dlí tríú tír**<br>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe faoi rialú dlí tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0230 | **Ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE**<br>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe faoi rialú dlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0250 — 0290 | **Dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu**<br>Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, atá cothrom le, ar a laghad, 150 % den cheanglas a leagtar síos in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh díolúine acu ón bhfaisnéis a thuairisciú i rónna 0250 go 0290. Féadfaidh na heintitis sin an fhaisnéis sin a thuairisciú ar bhonn deonach. |
| 0250 | **Dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu**<br>Méid na ndliteanas ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu, mar a shainmhínítear i bpointe (71) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE, nach n-áirítear i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b den Treoir sin.<br>Comhfhreagraíonn an méid sin don difríocht idir na dliteanais nach eisiatar ón tarrtháil inmheánach mar a thuairiscítear in {r0300, c0090} de theimpléad Z 02.00 a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún ([3]) agus na dliteanais incháilithe mar a tuairiscíodh in {r0200} an teimpléid seo. |
| 0260 | **Atá faoi rialú dlí tríú tír**<br>Méid na ndliteanas eile ar féidir tarrtháil a dhéanamh orthu agus atá faoi rialú dlí tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0270 | **Ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE**<br>Méid na ndliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu atá faoi rialú dlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0280 – 0290 | **Miondealú ar dhliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu de réir aibíocht iarmhair** |
| 0280 | Aibíocht iarmhair < 1 bhliain |
| 0285 | Aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain |
| 0290 | Aibíocht iarmhair >= 2 bhliain |
| 0300 — 0360 | **Cóimheasa agus díolúintí fo-ordúcháin** |
| 0300 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA**<br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a thuairiscítear i ró 0200 mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0310 | **Ar díobh sin: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a thuairiscítear i ró 0210 mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0320 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM**<br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a thuairiscítear i ró 0200 mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha caighdeánacha agus teimpléid chun faisnéis a sholáthar chun críoch pleananna réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1066 ón gCoimisiún (IO L 277, 7.11.2018, lch. 1).

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0330 | **Ar díobh sin: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br><br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a thuairiscítear i ró 0210 mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0340 | **An bhfuil feidhm ag an díolúine fo-ordúcháin a leagtar síos in Airteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013? (Díolúine 5 %)**<br><br>Ní dhéanfaidh ach eintitis atá faoi réir cheanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ceanglas TLAC) an ró seo a thuairisciú.<br><br>I gcás ina gceadóidh údarás réitigh dliteanais a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, léireoidh an t-eintiteas tuairiscithe 'tá' i gcolún 0020.<br><br>I gcás nach gceadaíonn an t-údarás réitigh dliteanais a bheith incháilithe mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, léireoidh an t-eintiteas tuairiscithe 'níl' i gcolún 0020.<br><br>Ó tharla go bhfuil díolúintí a leagtar síos in Airteagal 72b(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 comheisiach, ní líonfar isteach an ró sin más rud é gur líon an t-eintiteas tuairiscithe {r0350}. |
| 0350 | **Méid comhiomlán na n-ionstraimí dliteanas incháilithe neamh-fho-ordaithe atá ceadaithe, má chuirtear an lánrogha fho-ordúcháin a leagtar síos in Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm (díolúine 3,5 % ar a mhéad)**<br><br>Méid comhiomlán na ndliteanas neamh-fho-ordaithe a cheadaigh an t-údarás réitigh a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe chun críoch an cheanglais G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó a cháilíonn de bhun Airteagal 494(3) den Rialachán sin.<br><br>Go dtí an 31 Nollaig 2021, is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis chur i bhfeidhm Airteagal 494(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (uasteorainn 2,5 %).<br><br>Ó tharla go bhfuil na díolúintí atá leagtha síos in Airteagal 72b(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 comheisiach, ní líonfar isteach an ró sin má léiríonn an t-eintiteas tuairiscithe 'tá' i {r0340,c0020}. |
| 0360 | **Sciar d'iomlán na ndliteanas neamh-fho-ordaithe atá ar áireamh i gcistí dílse agus i ndliteanais incháilithe**<br><br>Ní dhéanfaidh ach eintitis atá faoi réir cheanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ceanglas TLAC) an ró sin a thuairisciú.<br><br>Má tá feidhm ag uasteorainn ar dhíolúine fo-ordúcháin a leagtar síos in Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceoidh na heintitis:<br><br>(i) méid na ndliteanas a eisítear a rangaítear *pari passú* le dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus atá ar áireamh sa mhéid a thuairiscítear i ró 0200 (tar éis an uasteorainn a chur i bhfeidhm),<br><br>(ii) arna roinnt ar mhéid na ndliteanas a eisítear a rangaítear *pari passú* le dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a shaineofaí faoi ró 0200 murar cuireadh aon uasteorainn i bhfeidhm. |

2. Comhdhéanamh agus aibíocht

2.1. M 02.00 – acmhainneacht agus comhdhéanamh MREL agus TLAC (grúpaí agus eintitis réitigh) (TLAC1)

2.1.1. Barúlacha ginearálta

7. Tugtar tuilleadh sonraí maidir le comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i dteimpléad M 02.00 – acmhain(neacht) agus comhdhéanamh MREL agus TLAC (grúpaí agus eintitis réitigh) (TLAC1).

8. An colún ina ndéantar tagairt don Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL), déanfaidh eintitis atá faoi réir an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe é a líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 45e de Threoir 2014/59/AE. Is iad na heintitis sin atá faoi oibleagáid ceanglas a leagtar síos in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, agus na heintitis sin amháin, a thuairisceoidh ítimí a thagraíonn don cheanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC).

2.1.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

| Colún | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)**<br>Airteagail 45 agus 45e de Threoir 2014/59/AE. |
| 0020 | **Ceanglais ar G-SIInna maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe**<br>Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0030 | **Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC**<br>Ní dhéanfaidh ach eintitis atá faoi réir ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna (TLAC) an ró sin a líonadh isteach.<br>Léireoidh an colún seo an difríocht idir méideanna na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe chun an ceanglas a chomhlíonadh a leagtar síos in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin agus méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe chun an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE**<br>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe chun críocha Airteagal 45e de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br>*MREL*<br>Déanfar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirfear san áireamh le haghaidh MREL a thuairisciú mar shuim an mhéid seo a leanas:<br>(i) cistí dílse mar a shainmhínítear iad i bpointe (118) d'Airteagal 4(1) agus in Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br>(ii) dliteanais incháilithe mar a shainmhínítear iad i bpointe (71a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>*TLAC*<br>Is éard a bheidh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh an cheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna (TLAC) an méid dá dtagraítear in Airteagal 72l de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arb é a bheidh ann:<br>(i) cistí dílse faoi mar a shainmhínítear iad i bpointe (118) d'Airteagal 4(1) agus in Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br>(ii) dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0020 | **Cistí dílse (ncháilithe)**<br><br>Pointe (118) d'Airteagal 4(1) agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br><br>I gcás MREL, ní áireofar ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír sa ró seo agus i rónna 0040 agus 0050 ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0030 | **Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1**<br><br>Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0040 | **Caipiteal Breise Leibhéal 1 (atá incháilithe)**<br><br>Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0050 | **Caipiteal Leibhéal 2 (atá incháilithe)**<br><br>Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0060 | **Dliteanais incháilithe**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais incháilithe faoi mar a shainmhínítear i bpointe (71a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE; I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0070 | **Ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais incháilithe faoi mar a shainmhínítear i bpointe (71a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE; I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0080 | **Ar díobh sin: dliteanais incháilithe a mheastar a bheith fo-ordaithe ó thaobh struchtúir de**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE toisc gurb é eintiteas réitigh ar cuideachta shealbhaíochta é a d'eisigh iad agus toisc nach ann do dhliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá atá rangaithe *pari passu* le hionstraimí dliteanas incháilithe nó atá sóisearach dóibh.<br><br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>Áireofar sa ró seo freisin dliteanais incháilithe a cháilíonn mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais:<br><br>(a) a dhéanann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 72a go hAirteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, agus go háirithe an ceanglas a leagtar síos i bpointe (d) (iii) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, ach ní chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i bpointe (d) (i) nó i bpointe (ii) den mhír sin, nó |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| | (b) a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, agus a bhfuil cead ag na húdaráis réitigh iad a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) den Rialachán sin.<br><br>Áireofar sa ró seo freisin dliteanais incháilithe a cháilíonn mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0090 | **Dliteanais incháilithe atá fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) den Treoir sin agus dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) den Treoir sin. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhliteanais a cheadaítear á gcáiliú mar ionstraimí dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin. |
| 0100 | **Ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh (nach bhfuil marthanaithe)**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) den Treoir sin agus arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhliteanais a cheadaítear á gcáiliú mar ionstraimí dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin, agus arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh.<br><br>Ní áireofar sa ró seo an chuid amúchta d'ionstraimí de Chaipiteal Leibhéal 2 i gcás inar mó an aibíocht iarmhair ná bliain amháin (pointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) ná na dliteanais incháilithe arna marthanú faoi Airteagal 494b den Rialachán sin. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0110 | **Ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag eintitis eile laistigh den ghrúpa réitigh (nach bhfuil marthanaithe)**<br>*MREL*<br>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 45b de Threoir 2014/59/AE arna n-éisiúint ag fochuideachtaí agus a áirítear in MREL i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) den Treoir sin. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 den Treoir sin.<br>*TLAC*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhliteanais a cheadaítear á gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin, agus arna n-eisiúint fochuideachtaí agus a cháilíonn chun go n-áirítear iad ar na hionstraimí dliteanas incháilithe chomhdhlúthaithe atá ag eintiteas i gcomhréir le hAirteagal 88a den Rialachán sin.<br>Ní áireofar sa ró seo an chuid amúchta d'ionstraimí de Chaipiteal Leibhéal 2 i gcás inar mó an aibíocht iarmhair ná bliain amháin (pointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) ná na dliteanais incháilithe arna marthanú faoi Airteagal 494b den Rialachán sin. |
| 0120 | **Ítimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint roimh an 27 Meitheamh 2019**<br>*MREL*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br>(b) is ionstraimí fo-ordaithe incháilithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;<br>(c) áirítear iad i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>(d) I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, comhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>*TLAC*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br>(b) comhlíonann siad pointe (d) d'Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0130 | **Ionstraimí Leibhéal 2 ina bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Leibhéal 2**<br>Pointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br>Áireofar sa ró seo an chuid amúchta d'ionstraimí de Chaipiteal Leibhéal 2, i gcás inar mó ná bliain amháin an aibíocht iarmhair. Ní thuairisceofar sa ró seo ach an méid nach n-aithnítear i gcistí dílse, ach a chomhlíonann na critéir incháilitheachta uile a leagtar síos in Airteagal 72b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>I gcás MREL, ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar sa ró seo iad ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0140 | **Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE agus nach bhfuil go hiomlán fo-ordaithe maidir le héilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, agus a shainaithnítear mar dhliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin. I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar an méid tar éis chur i bhfeidhm na huasteorann a leagtar síos san Airteagal sin. |
| 0150 | **Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe, sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm)**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b (1) go (3) de Threoir 2014/59/AE agus nach bhfuil go hiomlán fo-ordaithe maidir le héilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, agus a bhféadfaí a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) den Rialachán sin a cheadú nó a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) den Rialachán sin.<br><br>I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 72b(3) nó ag Airteagal 494(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceofar an méid iomlán gan na huasteorainneacha 3,5 % agus 2,5 % faoi seach a chur i bhfeidhm sa ró seo.<br><br>Ní áireofar sa rós seo aon mhéid is inaitheanta ar bhonn idirthréimhseach i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0160 | **Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais arna n-eisiúint roimh an 27 Meitheamh 2019 (sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm)**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br><br>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br><br>(b) comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 45b (1) go (3) de Threoir 2014/59/AE agus nach bhfuil go hiomlán fo-ordaithe maidir le héilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br><br>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| | I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br><br>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br><br>(b) comhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, agus a bhféadfaí a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) den Rialachán sin a cheadú nó a gceadaítear dóibh á gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) den Rialachán sin;<br><br>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 72b(3) nó ag Airteagal 494(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceofar an méid iomlán gan na huasteorainneacha 3,5 % agus 2,5 % faoi seach a chur i bhfeidhm sa ró seo. |
| 0170 | **Méideanna incháilithe tar éis uasteorainn Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (nach bhfuil marthanaithe) a chur i bhfeidhm**<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, tar éis dóibh míreanna (3) go (5) d'Airteagal 72b den Rialachán sin a chur i bhfeidhm, cé is moite de dhliteanais a sainaithnítear de bhun an mharthanaithe a leagtar amach in Airteagal 494b(3) den Rialachán sin.<br><br>I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus go dtí an 31 Nollaig 2021, is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis Airteagal 494(2) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm (uasteorainn 2.5 %). |
| 0180 | **Méideanna incháilithe tar éis uasteorainn Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ina bhfuil ítimí arna n-eisiúint roimh an 27 Meitheamh 2019**<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br><br>(a) eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br><br>(b) comhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, tar éis dóibh míreanna (3) go (5) d'Airteagal 72b den Rialachán sin a chur i bhfeidhm;<br><br>(c) cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe mar thoradh ar mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus go dtí an 31 Nollaig 2021, is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis Airteagal 494(2) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm (uasteorainn 2.5 %). |
| 0190 | (-) **Asbhaintí** |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0200 | (-) **Risíochtaí idir grúpaí réitigh dul isteach ilphointe (MPE)**<br><br>*TLAC*<br><br>Léireofar sa ró sin asbhaintí na risíochtaí idir grúpaí réitigh MPE G-SII a chomhfhreagraíonn do shealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha ionstraimí cistí dílse nó ionstraimí dliteanas incháilithe atá ag fochuideachta amháin nó níos mó nach bhfuil sa ghrúpa réitigh céanna leis an eintiteas réitigh, i gcomhréir le hAirteagal 72e(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0210 | (-) **Infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile**<br><br>*TLAC*<br><br>Tuairisceoidh eintitis asbhaint infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile, dá dtagraítear in Airteagal 72e(1) go (3) agus Airteagail 72f go 72j de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sa chaoi go gcinnfear an méid a bheidh le hasbhaint as ítimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le Roinn 2 de Chaibidil 5a de Theideal I de Chuid a Dó den Rialachán sin. |
| 0220 | **Barrchas na n-asbhaintí ó dliteanais incháilithe ar dhliteanais incháilithe**<br><br>Ní féidir dliteanais incháilithe a bheith diúltach, ach is féidir gur mó na hasbhaintí ó dhliteanais incháilithe ná na dliteanais incháilithe féin. Nuair a tharlaíonn sé sin, ní mór na dliteanais incháilithe a bheith cothrom le nialas, agus ní mór an barrachas de na hasbhaintí a asbhaint ó Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 66 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Leis an ítim sin, déantar é ar dhóigh a léiríonn, maidir leis na dliteanais incháilithe faoi mar a thuairiscítear i ró 0060 iad, nach bhfuil siad níos ísle ná nialas riamh. |
| 0400 – 0500 | **Ítimí meabhráin** |
| 0400 | **CET1 (%) ar fáil tar éis riachtanais an eintitis a chomhlíonadh**<br><br>Méid CET1, atá cothrom le nialas nó atá deimhneach, atá ar fáil tar éis gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 141a(1) de Threoir 2013/36/AE ([4]) a chomhlíonadh agus an méid is airde ná:<br><br>(a) i gcás inarb infheidhme, an ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (ceanglas TLAC), nuair a ríomhtar é i gcomhréir le pointe (a) de mhír (1) den airteagal sin,<br><br>(b) an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe de bhun Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 45(2) den Treoir sin.<br><br>Déanfar CET1 atá ar fáil a shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal faoi mar a thuairiscítear i ró 0100 de theimpléad M 01.00.<br><br>An figiúr tuairiscithe, beidh sé comhionann i gcolún MREL agus i gcolún TLAC.<br><br>Cuirfear san áireamh ann éifeacht na bhforálacha idirthréimhseacha ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe, méid iomlán na risíochta ar phriacal agus na ceanglais féin. An treoir maidir le cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104b de Threoir 2013/36/AE ná an ceanglas maoláin chomhcheangailte i bpointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 den Treoir sin, ní dhéanfar iad a mheas. |
| 0410 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)**<br><br>Pointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE<br><br>Sloinnfear an ceanglas maoláin chomhcheangailte mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal. |

([4]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus ar an maoirseacht stuama ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0420 | **ina measc: ceanglas maoláin chaomhnaithe caipitil**<br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonrach (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin chaomhnaithe caipitil. |
| 0430 | **ina measc: ceanglas maoláin fhrith-thimthriallaigh**<br>An méid den mhaolán comhcheangailte institiúidsonrach (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin fhrith-thimthriallaigh. |
| 0440 | **ina measc: ceanglas maoláin um priacal sistéamach**<br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin um priacal sistéamach. |
| 0450 | **ina measc: Maolán le haghaidh Institiúid Dhomhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (G-SII) nó le haghaidh Institiúide eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (O-SII)**<br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann le ceanglas maoláin G-SII nó O-SII. |
| 0460 | **Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid institiúidí eile**<br>Cinnfear na suíomhanna a thuairiscítear sa ró seo agus i rónna 0470 go 0490 de réir na bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 72h de CRR (glansuíomhanna fada, cur chuige na trédhearcachta). |
| 0470 | **Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid G-SIInna**<br>Méid sealúchas ionstraimí dliteanas incháilithe, dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite d'ionstraimí de bhun Airteagal 72b(3) go (5) den Rialachán sin, arna n-eisiúint ag G-SIInna. |
| 0480 | **Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid O-SIInna**<br>Méid sealúchas ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna n-eisiúint ag O-SIInna.<br>Ní thuairisceofar infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid O-SIInna ar G-SIInna iad san am céanna sa ró seo, tuairisceofar i ró 0470 iad, agus sa ró sin amháin. |
| 0490 | **Infheistíochtaí i ndliteanais incháilithe fo-ordaithe de chuid institiúidí eile**<br>Méid sealúchas ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna n-eisiúint ag institiúidí nach G-SIInna ná O-SIInna iad. |
| 0500 | **Dliteanais eisiata**<br>Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

2.2. M 03.00 – MREL Inmheánach agus TLAC Inmheánach (ILAC)

2.2.1. Barúlacha ginearálta

9. Léirítear na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe i dteimpléad M 3.00 chun na gcríoch seo a leanas

(a) an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na n-eintiteas nach eintitis réitigh iad de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE (MREL inmheánach); agus

(b) an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE a bhfuil feidhm acu maidir le fochuideachtaí suntasacha G-SIInna tríú tír de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (TLAC inmheánach).

10. An colún ina ndéantar tagairt do MREL inmheánach, déanfaidh eintitis atá faoi réir an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe é a líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagail 45 agus 45f de Threoir 2014/59/AE. Is iad na heintitis sin atá faoi oibleagáid ceanglas Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, agus na heintitis sin amháin, a thuairisceoidh ítimí a thagraíonn don cheanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC).

2.2.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **MREL inmheánach**<br>Airteagail 45 agus 45f de Threoir 2014/59/AE. |
| 0020 | **MREL inmheánach**<br>Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **Leibhéal an chur i bhfeidhm**<br>I gcás ina bhfuil an t-eintiteas faoi réir MREL inmheánaigh, agus i gcás inarb infheidhme faoi réir TLAC inmheánaigh, ar bhonn aonair, léireoidh sé 'duine aonair'.<br>I gcás ina bhfuil an t-eintiteas faoi réir MREL inmheánaigh, agus i gcás inarb infheidhme faoi réir TLAC inmheánaigh, ar bhonn comhdhlúthaithe', léireoidh sé 'comhdhlúthaithe'. |
| 0100 – 0110 | **Méid iomlán na risíochta ar phriacal agus tomhas na risíochta iomláine** |
| 0100 | **Méid iomlán na risíochta ar phriacal (TREA)**<br>Pointe (a) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Is éard a bheidh i méid iomlán na risíochta ar phriacal a thuairisceofar sa ró seo méid iomlán na risíochta ar phriacal atá ina bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 faoi seach, de réir mar is infheidhme. |
| 0110 | **Tomhas na risíochta iomláine (TEM)**<br>Pointe (b) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Is éard a bheidh sa tomhas risíochta iomláine a thuairiscítear sa ró seo an tomhas risíochta iomláine atá ina bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 faoi seach, de réir mar is infheidhme. |
| 0200 – 0270 | **Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe** |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0200 | **Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe**<br>*MREL inmheánach*<br>Suim na gcistí dílse incháilithe, na ndliteanas incháilithe agus na ráthaíochtaí a cheadaítear chun a chur san áireamh le haghaidh MREL inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE, agus, i gcás inarb infheidhme, an ceathrú fomhír d'Airteagal 89(2) den Treoir sin á cur san áireamh freisin.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>Is éard a bheidh sa mhéid a thuairisceofar sa ró seo an méid tar éis na n-asbhaintí nó a gcoibhéise is gá i gcomhréir leis an modh a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 45f(6) de Threoir 2014/59/AE.<br>*MREL inmheánach*<br>Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe a cheadaítear chun a chur san áireamhle haghaidh TLAC inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 92b(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0210 | **Cistí dílse incháilithe**<br>Suim chaipiteal CET1, chaipiteal breise Leibhéal 1 atá incháilithe agus chaipiteal Leibhéal 2 atá incháilithe.<br>I gcás MREL inmheánach, áireofar ionstraimí dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 89(2) de Threoir 2014/59/AE sa ró seo agus i rónna 0230 agus 0240, i gcás ina bhfuil feidhm ag an mír sin. Ní áireofar ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír sa ró seo agus i rónna 0230 agus 0240 ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais Airteagal 55 den Treoir sin. |
| 0220 | **Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1)**<br>Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0230 | **Caipiteal Incháilithe Breise Leibhéal 1**<br>Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br>*MREL inmheánach*<br>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir dá dtagraítear i bpointe (b) (ii) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE.<br>*MREL inmheánach*<br>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 92b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0240 | **Caipiteal Leibhéal 2 atá incháilithe**<br>Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br>*MREL inmheánach*<br>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na critéir a leagtar amach i bpointe (b) (ii) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE.<br>*MREL inmheánach*<br>Ní dhéanfar ionstraimí a mheas ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 92b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0250 | **Dliteanais incháilithe agus ráthaíochtaí incháilithe** |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0260 | **Dliteanais incháilithe (gan ráthaíochtaí a áireamh)**<br>*MREL inmheánach*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE, agus, i gcás inarb infheidhme, an ceathrú fomhír d'Airteagal 89(2) den Treoir sin á cur san áireamh freisin.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>*MREL inmheánach*<br>Ríomhfar méid na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcás ina gcomhlíonfaidh na dliteanais sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 92b(3) den Rialachán sin. |
| 0270 | **Ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an eintiteas réitigh agus arna gceadú ag an údarás réitigh**<br>I gcás ina gceadóidh údarás réitigh na fochuideachta don eintiteas tuairiscithe an ceanglas maidir le MREL a chomhlíonadh le ráthaíochtaí, tuairisceofar méid na ráthaíochtaí a chuirfidh an t-eintiteas réitigh ar fáil agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE. |
| 0280 | **Ítim meabhráin: Cuid chomhthaobhaithe den ráthaíocht**<br>An chuid den ráthaíocht a thuairiscítear i ró 0270 agus atá comhthaobhaithe le socrú comhthaobhachta airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE. |
| 0290 | **(-) Asbhaintí nó a gcoibhéis**<br>Asbhaintí nó a gcoibhéis a cheanglaítear i gcomhréir leis an modh a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 45f(6) de Threoir 2014/59/AE. Ní líonfar isteach an ró seo go dtí a luaithe a bheidh feidhm ag an Rialachán Tarmligthe. |
| 0400 – 0440 | **Coibhéisí cistí dílse agus dliteanais incháilithe** |
| 0400 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA**<br>Méideanna cistí dílse incháilithe, dliteanais incháilithe agus ráthaíochtaí ceadaithe an eintitis thuairiscithe, agus a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL inmheánaigh agus TLAC inmheánaigh faoi seach, arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0410 | **ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh**<br>Méid na gcistí dílse incháilithe, dliteanais incháilithe agus ráthaíochtaí ceadaithe an eintitis thuairiscithe ar ráthaíochtaí iad a chuir an t-eintiteas réitigh ar fáil agus a aithníonn an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE, a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL inmheánach, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0420 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM**<br>Méideanna chistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe an eintitis thuairiscithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL inmheánaigh agus TLAC inmheánaigh faoi seach, arna sloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a den Rialachán sin. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0430 | **ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh**<br><br>Méid chistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe an eintitis thuairiscithe ar ráthaíochtaí iad a thug an t-eintiteas réitigh agus a aithníonn an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE, a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL inmheánach, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus le hAirteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 0440 | **CET1 (%) atá ar fáil tar éis riachtanais an eintitis a chomhlíonadh**<br><br>Méid CET1, atá cothrom le nialas nó atá deimhneach, atá ar fáil tar éis gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 141a(1) de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh agus is airde ná:<br><br>(a) i gcás inarb infheidhme ceanglas inmheánach TLAC de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 92b(1) den Rialachán sin mar 90 % de cheanglas phointe (a) d'Airteagal 92a(1) den Rialachán sin;<br><br>(b) an ceanglas maidir le MREL inmheánach de bhun Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 45(2) den Treoir sin.<br><br>Déanfar CET1 atá ar fáil a shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal faoi mar a thuairiscítear i ró 0100.<br><br>An figiúr tuairiscithe, beidh sé comhionann sna colúin MREL inmheánach agus TLAC inmheánach.<br><br>Cuirfear san áireamh ann éifeacht na bhforálacha idirthréimhseacha ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe, méid iomlán na risíochta ar phriacal agus na ceanglais féin. An treoir maidir le cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104b de Threoir 2013/36/AE ná na ceanglais maoláin chomhcheangailte i bpointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 den Treoir sin, ní chuirfear iad san áireamh. |
| 0500 – 0550 | **Ítimí meabhráin** |
| 0500 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte (%)**<br><br>Pointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE<br><br>Sloinnfear an ceanglas maoláin chomhcheangailte mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal. |
| 0510 | **ar díobh sin: ceanglas maoláin chaomhnaithe caipitil**<br><br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin chaomhnaithe caipitil. |
| 0520 | **ar díobh sin: ceanglas maoláin frith-thimthriallaigh**<br><br>An méid den mhaolán comhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maolánach fritimthriallaigh. |
| 0530 | **ar díobh sin: ceanglas maoláin um priacal sistéamach**<br><br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin um priacal sistéamach. |
| 0540 | **ar díobh sin: Maolán le haghaidh Institiúid Dhomhanda a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (G-SII) nó le haghaidh Institiúid eile a bhfuil Tábhacht Shistéamach léi (O-SII)**<br><br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin G-SII nó O-SII. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0550 – 0600 | **Dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu**<br>Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, arb ionann iad agus ar a laghad 150 % den cheanglas a leagtar síos in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh díolúine acu ón bhfaisnéis a thuairisciú i rónna 0550 go 0600. Féadfaidh na heintitis sin an fhaisnéis sin a thuairisciú sa teimpléad sin ar bhonn deonach. |
| 0550 | **Dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu**<br>Méid na ndliteanas ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu, mar a shainmhínítear i bpointe (71) d'Airteagal 2(1) deThreoir 2014/59/AE, nach bhfuil incháilithe chun ceanglais Airteagail 45 agus 45fden Treoir sin a chomhlíonadh. |
| 0560 | **Atá faoi rialú dlí tríú tír**<br>Méid na ndliteanas eile ar féidir tarrtháil a dhéanamh orthu agus atá faoi rialú dlí tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0570 | **Ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE**<br>Méid na ndliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu atá faoi rialú dlí tríú tír agus ina bhfuil clásal díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0580 – 0600 | **Miondealú ar dhliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu de réir aibíocht iarmhair** |
| 0580 | Aibíocht iarmhair < 1 bhliain |
| 0590 | Aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain |
| 0600 | Aibíocht iarmhair >= 2 bhliain |
| 0610 | **Dliteanais eisiata**<br>Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

2.3. M 04.00 – Struchtúr maoinithe dliteanas incháilithe (LIAB-MREL)

2.3.1. Barúlacha ginearálta

11. Sa teimpléad seo ceanglaítear faisnéis maidir le struchtúr maoinithe dhliteanais incháilithe na n-eintiteas atá faoi réir MREL. Déantar miondealú ar na dliteanais incháilithe de réir chineál an dliteanais agus na haibíochta.

12. Ní dhéanfaidh eintitis ach dliteanais atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE (MREL/MREL inmheánach) a chomhlíonadh a thuairisciú sa teimpléad sin.

13. I gcás inar eintiteas réitigh an t-eintiteas tuairiscithe, tuairisceofar dliteanais incháilithe mar a shainmhínítear i bpointe (71d) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE. I gcás dliteanais incháilithe faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar ach na dliteanais sin a chomhlíonann ceanglais Airteagal 55 den Treoir sin.

14. I gcás inar eintiteas nach eintiteas réitigh é an t-eintiteas tuairiscithe, tuairisceoidh sé dliteanais incháilithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE sa teimpléad sin, agus, i gcás inarb infheidhme, an ceathrú fomhír d'Airteagal 89(2) den Treoir sin á cur san áireamh freisin. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais d'Airteagal 55 den Treoir sin.

15. Tá an miondealú de réir cineáil dliteanais bunaithe ar an tacar céanna cineálacha dliteanais a úsáidtear sa tuairisciú chun críoch pleanála réitigh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1624. Cuirtear tagairtí don Rialachán sin ar fáil chun na cineálacha éagsúla dliteanas a shainmhíniú.

16. I gcás ina mbeidh gá le miondealú ar aibíocht, is éard a bheidh san aibíocht iarmhair an tréimhse go dtí an aibíocht chonarthach nó, i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 72c(2) nó (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, an dáta is luaithe is féidir ar a bhféadfar an rogha a fheidhmiú. I gcás íocaíochtaí eatramhacha príomhshuime, déanfar an phríomhshuim a dheighilt agus a leithdháileadh i mbuicéid aibíochta chomhfhreagracha. I gcás inarb infheidhme, déanfar an aibíocht a mheas ar leithligh maidir leis an bpríomhshuim agus maidir leis an ús fabhraithe araon.

2.3.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0100 | **DLITEANAS INCHÁILITHE** |
| 0200 | **Taiscí, nach bhfuil cumhdaithe agus nach bhfuil fabhrach >= 1 bhliain**<br>Taiscí, nach bhfuil cumhdaithe agus nach taiscí tosaíochta iad, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0320 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0210 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain** |
| 0220 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain** |
| 0230 | **ina bhfuil: arna eisiúint ag fochuideachtaí** |
| 0300 | **Dliteanais urraithe neamhchomhthaobhaithe >= 1 bhliain**<br>Dliteanais urraithe neamh-chomhthaobhaithe, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0340 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0310 | **ar díobh sin: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain** |
| 0320 | **ar díobh sin: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain** |
| 0330 | **ar díobh sin: arna eisiúint ag fochuideachtaí** |
| 0400 | **Nótaí struchtúrtha >= 1 bhliain**<br>Nótaí struchtúrtha, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0350 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0410 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain** |
| 0420 | **ar díobh sin: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain** |
| 0430 | **ina bhfuil: arna eisiúint ag fochuideachtaí** |
| 0500 | **Dliteanais neamhurraithe shinsearacha >= 1 bhliain**<br>Dliteanais neamhurraithe shinsearacha, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0360 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0510 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain** |
| 0520 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain** |
| 0530 | **ina bhfuil: a d'eisigh fochuideachtaí** |
| 0600 | **Dliteanais neamfhabhraithe shinsearacha >= 1 bhliain**<br>Dliteanais neamhfhabhraithe shinsearacha, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0365 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0610 | **ar díobh sin: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain** |
| 0620 | **ar díobh sin: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain** |
| 0630 | **ar díobh sin: cinn a d'eisigh fochuideachtaí** |
| 0700 | **Dliteanais fho-ordaithe (nach n-aithnítear mar chistí dílse) >= 1 bhliain**<br>Dliteanais fho-ordaithe, mar a shainmhínítear chun críocha ró 0370 de theimpléad Z 02.00 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1624, atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0710 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bhliain agus < 2 bhliain** |
| 0720 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain** |
| 0730 | **ar díobh sin: cinn a d'eisigh fochuideachtaí** |
| 0800 | **Dliteanais incháilithe eile MREL >= 1 bhliain**<br>Aon ionstraim eile atá incháilithe chun críocha Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE. |
| 0810 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 1 bliain agus < 2 bhliain** |
| 0820 | **ina bhfuil: aibíocht iarmhair >= 2 bhliain** |
| 0830 | **ar díobh sin: cinn a d'eisigh fochuideachtaí** |

3. Rangú creidiúnaithe

17. Déantar rangú dliteanas incháilithe san ordlathas creidiúnaithe a chuimsiú i dteimpléid M 05.00 agus M 06.00. Déantar an dá theimpléad a thuairisciú ar leibhéal an eintitis aonair.

18. I gcás na n-eintiteas nach eintitis réitigh iad, déanfar an méid is inchurtha i leith gach ranga a mhiondealú tuilleadh i méideanna atá dlite don eintiteas réitigh agus i méideanna eile nach bhfuil dlite don eintiteas réitigh, i gcás inarb infheidhme.

19. Léirítear na ranganna in ord na sinsearachta; na cinn is sóisearaí ar dtús. Cuirfear rónna leo le haghaidh ranganna go dtí go dtuairisceofar an ionstraim incháilithe is sinsearaí agus na dliteanais uile a rangaítear *pari passu* léi.

3.1. M 05.00 – Rangú creidiúnaithe (eintiteas nach eintiteas réitigh é)

3.1.1. Barúlacha ginearálta

20. Na heintitis atá faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, tuairisceoidh siad sa teimpléad sin na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe chun críocha MREL inmheánach, mar aon le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Beidh dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach ar áireamh a mhéid atá siad rangaithe *pari passu* le haon ionstraim a áirítear i méid na ndliteanas incháilithe chun críocha MREL inmheánach nó ar rangú níos sóisearaí ná aon ionstraim den sórt sin.

21. Na heintitis nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, ach atá faoi réir na hoibleagáide chun ceanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45f den Treoir sin, déanfaidh siad na cistí dílse agus na dliteanais is incháilithe chun críocha ICDI inmheánach, chomh maith le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, a thuairisciú sa teimpléad sin. De mhaolú air sin, féadfaidh eintitis a roghnú an raon feidhme céanna maidir le cistí dílse agus dliteanas a shonraítear i mír 20 thuas a thuairisciú.

22. Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, arb ionann iad agus ar a laghad 150 % den cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh díolúine acu ón bhfaisnéis a thuairisciú ar dhliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Féadfaidh na heintitis sin a roghnú an fhaisnéis maidir le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu sa teimpléad seo a thuairisciú ar bhonn deonach.

23. Is aitheantóir ró é comhdhéanamh cholúin 0010 agus 0020, agus ní bheidh ach aon cheann amháin i ndáil leis na rónna go léir sa teimpléad.

3.1.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **An rang dócmhainneachta**<br><br>Tuairisceofar uimhir an rangú dócmhainneachta in ordlathas creidiúnaithe an eintitis thuairiscithe, an rang is sóisearaí ar dtús.<br><br>Beidh an rangú dócmhainneachta ar cheann de na ranganna a áirítear sna ranguithe dócmhainneachta a fhoilseoidh údarás réitigh na dlínse sin. |
| 0020 | **Cineál creidiúnaí**<br><br>Ceann díobh seo a leanas a bheidh sa chineál creidiúnaí:<br><br>— 'Eintiteas réitigh'<br><br>Roghnófar an iontráil seo chun na méideanna atá faoi úinéireacht an eintitis réitigh, go díreach nó go hindíreach, a thuairisciú trí eintitis feadh shlabhra na húinéireachta, i gcás inarb infheidhme.<br><br>— 'Na heintitis seachas an t-eintiteas réitigh'<br><br>Roghnófar an iontráil seo chun na méideanna atá faoi úinéireacht creidiúnaithe eile a thuairisciú, i gcás inarb infheidhme. |
| 0030 | **Tuairisc ar an rangú dócmhainneachta**<br><br>An tuairisc a áirítear sna ranguithe dócmhainneachta arna bhfoilsiú ag údarás réitigh na dlínse sin, i gcás ina bhfuil liosta caighdeánaithe le fáil lena n-áirítear tuairisc den chineál sin. Murach sin, tuairisc dhílis ar an rangú dócmhainneachta ag an institiúid, ina luafar ar a laghad an príomhchineál ionstraime sa rang dócmhainneachta lena mbaineann. |
| 0040 | **Dliteanas agus cistí dílse**<br><br>Tuairisceofar méid na gcistí dílse, na ndliteanas incháilithe agus, i gcás inarb infheidhme, méid na ndliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu agus a leithdháiltear ar an rangú dócmhainneachta a léirítear i gcolún 0010.<br><br>I gcás inarb infheidhme, áireofar sa cholún seo freisin dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach a mhéid atá siad rangaithe níos ísle ná cistí dílse agus dliteanais incháilithe nó atá siad rangaithe *pari passu* leo.<br><br>I gcás eintiteas dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 21, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má roghnaíonn na heintitis sin an maolú ar an abairt dheireanach de mhír 21 a chur i bhfeidhm. |

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0050 | **Ar díobh sin dliteanais eisiata**<br>Méid na ndliteanas a eisiatar i gcomhréir le hAirteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó le hAirteagal 44(2) de Threoir 2014/59/AE. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás réitigh dliteanais a eisiamh i gcomhréir le hAirteagal 44(3) den Treoir sin, déanfar na dliteanais eisiata sin a thuairisciú sa ró seo freisin.<br>I gcás eintiteas dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 21, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má roghnaíonn na heintitis sin an maolú ar an abairt dheireanach de mhír 21 a chur i bhfeidhm. |
| 0060 | **Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata**<br>Déanfar méid na ndliteanas agus na gcistí dílse a thuairisciú, mar a thuairiscítear i gcolún 0040, méid arna laghdú de réir mhéid na ndliteanas eisiata a thuairiscítear i gcolún 0050. |
| 0070 | **ar díobh sin: cistí dílse agus dliteanais incháilithe chun críoch MREL inmheánach**<br>Tuairisceofar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE. |
| 0080 – 0110 | **ar díobh sin: cinn ina mbeidh aibíocht iarmhair**<br>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL inmheánaigh, mar a thuairiscítear i gcolún 0070, déanfar iad a mhiondealú de réir aibíocht iarmhair na n-ionstraimí éagsúla agus na n-ítimí éagsúla. Ní dhéanfar ionstraimí agus ítimí de chineál suthain a mheas sa mhiondealú seo, ach tuairisceofar iad ar leithligh i gcolún 0120. |
| 0080 | **≥ 1 bhliain < 2 bhliain** |
| 0090 | **≥ 2 bhliain < 5 bliana** |
| 0100 | **≥ 5 bliana < 10 mbliana** |
| 0110 | **≥ 10 mbliana** |
| 0120 | **Ar díobh sin: urrúis suthaine** |

3.2. M 06.00 – Rangú creidiúnaithe (eintiteas réitigh) (RANG)

3.2.1. Barúlacha ginearálta

24. Na heintitis atá faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, tuairisceoidh siad sa teimpléad sin na cistí dílse, na dliteanais incháilithe chun críocha MREL inmheánach agus dliteanais incháilithe eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Beidh dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach ar áireamh a mhéid atá siad rangaithe *pari passu* le haon ionstraim a áirítear i méid na ndliteanas incháilithe chun críocha MREL nó ar rangú níos sóisearaí ná aon ionstraim den sórt sin.

25. Na heintitis nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, ach atá faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, déanfaidh siad na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe chun críocha MREL, chomh maith le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a thuairisciú sa teimpléad sin. Féadfaidh na heintitis sin a roghnú an raon feidhme céanna maidir le cistí dílse agus dliteanas a shonraítear i mír 24 thuas a thuairisciú.

26. Na heintitis a bhfuil méideanna cistí dílse agus dliteanas incháilithe ina seilbh acu, ar dháta tuairiscithe na faisnéise sin, arb ionann iad agus ar a laghad 150 % den cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh díolúine acu ón bhfaisnéis a thuairisciú ar dhliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu. Féadfaidh na heintitis sin a roghnú an fhaisnéis maidir le dliteanais eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu a thuairisciú sa teimpléad seo ar bhonn deonach.

3.2.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 | **An rangú dócmhainneachta**<br>Féach treoracha ar cholún 0010 de theimpléad M 05.00<br>Is aitheantóir ró é an colún seo, agus ní bheidh ann ach aon cheann amháin do na rónna uile sa teimpléad. |
| 0020 | **Tuairisc ar rangú na dócmhainneachta**<br>Féach treoracha ar cholún 0030 de theimpléad M 05.00 |
| 0030 | **Dliteanas agus cistí dílse**<br>Tuairisceofar méid na gcistí dílse, na ndliteanas incháilithe agus, i gcás inarb infheidhme, méid na ndliteanas eile ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu agus a leithdháiltear ar an rangú dócmhainneachta a léirítear i gcolún 0010.<br>I gcás inarb infheidhme, áireofar sa cholún seo freisin dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach a mhéid atá siad rangaithe níos ísle ná dliteanais incháilithe nó atá siad rangaithe *pari passu* leo.<br>I gcás eintiteas dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 25, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má roghnaíonn na heintitis sin an maolú ar an abairt dheireanach de mhír 25 a chur i bhfeidhm. |
| 0040 | **Ar díobh sin dliteanais eisiata**<br>Méid na ndliteanas a eisiatar de bhun Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó le hAirteagal 44(2) de Threoir 2014/59/AE.<br>I gcás eintiteas dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 25, fágfar an colún seo folamh, ach amháin má roghnaíonn na heintitis sin an maolú ar an dara habairt de mhír 25 a chur i bhfeidhm. |
| 0050 | **Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata**<br>Déanfar méid na ndliteanas agus na gcistí dílse a thuairisciú, mar a thuairiscítear i gcolún 0030, méid arna laghdú de réir mhéid na ndliteanas eisiata a thuairiscítear i gcolún 0040. |
| 0060 | **ar díobh sin: cistí dílse agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun MREL a chomhlíonadh**<br>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas is incháilithe chun ceanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin. |
| 0070 – 0100 | **ar díobh sin: cinn ina mbeidh aibíocht iarmhair**<br>Méid na gcistí dílse agus na ndliteanas is incháilithe chun ceanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, mar a thuairiscítear i gcolún 0060, déanfar iad a mhiondealú de réir aibíocht iarmhair na n-ionstraimí éagsúla agus na n-ítimí éagsúla. Ní dhéanfar ionstraimí agus ítimí de chineál suthain a mheas sa mhiondealú seo, ach tuairisceofar iad ar leithligh i gcolún 0110. |
| 0070 | ≥ **1 bhliain** < **2 bhliain** |
| 0080 | ≥ **2 bhliain** < **5 bliana** |
| 0090 | ≥ **5 bliana** < **10 mbliana** |
| 0100 | ≥ **10 mbliana** |
| 0110 | **Ar díobh sin: urrúis suthaine** |

4. M 07.00 – Ionstraimí arna rialú faoi dhlí tríú tír (MTCI)

4.1. Barúlacha Ginearálta

27. Soláthraítear i dteimpléad M 07.00 miondealú ar bhonn gach conartha aonair ar ionstraimí a cháilíonn mar chistí dílse agus dliteanais incháilithe chun críocha MREL. Ní thuairisceofar sa teimpléad ach ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír.

28. I ndáil le dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe maidir le dliteanais eisiata, ní dhéanfaidh eintitis ach urrúis ar ionstraimí airgeadais soshannta idirmhalartacha iad a thuairisciú, cé is moite d'iasachtaí ná taiscí a áireamh.

29. I gcás ionstraimí a cháilíonn go páirteach do dhá aicme éagsúla cistí dílse nó dliteanas incháilithe, tuairisceofar an ionstraim dhá uair chun na méideanna a leithdháiltear ar na haicmí caipitil éagsúla ar leithligh a léiriú.

30. Is aitheantóir ró é an teaglaim de cholúin 0020 (Cód an eintitis eisiúna), 0040 (Aitheantóir conartha) agus 0070 (Cineál na gcistí dílse nó na ndliteanas incháilithe), nach mór a bheith uathúil i gcás gach ró a thuairiscítear sa teimpléad.

4.2. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0010 – 0030 | **Eintitis eisiúna**<br><br>I gcás ina dtuairisceofar an fhaisnéis faoi thagairt do ghrúpa réitigh, léireofar eintiteas an ghrúpa a d'eisigh an ionstraim lena mbaineann. I gcás ina dtuairisceofar an fhaisnéis, agus tagairt á déanamh d'eintiteas réitigh aonair, is é an t-eintiteas eisiúna an t-eintiteas tuairiscithe féin. |
| 0010 | **Ainm**<br><br>Ainm an eintitis a d'eisigh an ionstraim cistí dílse nó an ionstraim dliteanais incháilithe |
| 0020 | **Cód**<br><br>Ainm an eintitis a d'eisigh an ionstraim cistí dílse nó an ionstraim dliteanais incháilithe.<br><br>Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. I gcás institiúidí, is é an cód LEI a bheidh sa chód. I gcás eintiteas eile, is é an cód LEI a bheidh sa chód, nó mura bhfuil sé ar fáil, úsáidfear cód náisiúnta. Beidh an cód uathúil agus úsáidfear é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus thar am. Beidh luach ag an gcód i gcónaí. |
| 0030 | **Cineál cóid**<br><br>Sainaithneoidh na hinstitiúidí an cineál cóid a thuairisceofar i gcolún 0020 mar 'Cód LEI' nó 'Cód neamh-LEI'. Tuairisceofar an cineál cóid i gcónaí. |
| 0040 | **Aitheantóir Conartha**<br><br>Tuairisceofar aitheantóir conartha na hionstraime, amhail aitheantóir CUSIP, ISIN nó Bloomberg le haghaidh suíomh príobháideach.<br><br>Cuid den aitheantóir ró is ea an ítim seo. |
| 0050 | **An dlí rialaithe (tríú tír)**<br><br>Sonrófar an tríú tír (tíortha seachas tíortha LEE) a rialaíonn an conradh, nó codanna den chonradh. |
| 0060 | **Aitheantas conarthach a thabhairt do chumhachtaí díluachála agus comhshó**<br><br>Cuirfear in iúl an bhfuil na téarmaí conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 55(1) de Threoir 2014/59/AE, i bpointí (p) agus (q) d'Airteagal 52(1) agus i bpointe (n) agus i bpointe (o) d'Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sa chonradh. |

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0070 – 0080 | **Cóir rialála** |
| 0070 | **Cineál cistí dílse nó cineál dliteanas incháilithe**<br><br>An cineál cistí dílse nó an cineál dliteanas incháilithe, faoi mar a cháilíonn an ionstraim ar an dáta tagartha. Cuirfear forálacha idirthréimhseacha maidir le hincháilitheacht san áireamh lena meas. Tuairisceofar ionstraimí a cháilíonn d'ilaicmí caipitil uair amháin in aghaidh na haicme caipitil infheidhme.<br><br>Ceann díobh seo a leanas a bheidh sa chineál cistí dílse nó sa chineál dliteanas incháilithe:<br><br>— CET1<br><br>— Caipiteal breise Leibhéal 1<br><br>— Leibhéal 2<br><br>— Dliteanais incháilithe |
| 0080 | **Cineál ionstraime**<br><br>Braitheann an cineál ionstraime atá le sonrú ar an dlí rialaithe faoina n-eisítear í.<br><br>I gcás ionstraimí CET1, roghnófar an cineál ionstraime ó liosta ionstraimí CET1 a fhoilseoidh ÚBE de bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>I gcás cistí dílse seachas CET1, agus dliteanais incháilithe, roghnófar an cineál ionstraime ó liosta d'ionstraimí comhfhreagracha a fhoilseoidh ÚBE, údaráis inniúla nó údaráis réitigh, i gcás ina mbeidh liosta den sórt sin ar fáil. I gcás nach bhfuil aon liosta ar fáil, is é an t-eintiteas tuairiscithe a shonróidh an cineál ionstraime |
| 0090 | **Méid**<br><br>Tuairisceofar an méid a aithnítear i gcistí dílse nó i ndliteanais incháilithe agus an leibhéal dá dtagraíonn an tuarascáil á chur san áireamh, i gcás ionstraimí a áirítear ar leibhéil iolracha. Is é a bheidh sa mhéid sin an méid is ábhartha ar an dáta tagartha, agus éifeacht forálacha idirthréimhseacha á cur san áireamh. |
| 0100 – 0110 | **Rang i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta**<br><br>Sonrófar rangú na hionstraime i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta.<br><br>Is éard a bheidh ann cód dhá litir ISO na tíre ina rialaítear, lena dlí, rangú an chonartha (colún 0100), arb é dlí Ballstáit a bheidh ann, agus uimhir an rangaithe dócmhainneachta ábhartha (colún 0110).<br><br>Cinnfear an rang dócmhainneachta ábhartha bunaithe ar na ranguithe dócmhainneachta arna bhfoilsiú ag údaráis réitigh nó ag údaráis eile, i gcás ina bhfuil liosta caighdeánaithe den sórt sin ar fáil. |
| 0120 | **Aibíocht**<br><br>Tuairisceofar aibíocht na hionstraime san fhormáid seo a leanas: ll/mm/bbbb. I gcás ionstraimí suthaine, fágfar an chill folamh. |
| 0130 | **Dáta na Céadrogha**<br><br>I gcás ina bhfuil céadrogha ar cheannach ag an eisitheoir, tuairisceofar an chéad dáta ar a bhféadfar an glao a fheidhmiú.<br><br>Má tharla dáta na céadrogha roimh an dáta tagartha, tuairisceofar an dáta sin má tá an glao fós infheidhmithe. Mura mbeidh sé infheidhmithe a thuilleadh, tuairisceofar an chéad dáta eile ar a bhfeidhmeofar an glao.<br><br>I gcás céadroghanna ar cheannach eisitheora a bhfuil dáta feidhmithe neamhshonraithe acu nó céadroghanna ar cheannach arna spreagadh de bharr teagmhas sonrach, tuairisceofar an dáta inghaoite is dócha a mheasfar ar bhonn coimeádach.<br><br>Ní dhéanfar roghanna rialála ná roghanna glaonna cánach a mheas chun críocha an cholúin seo. |

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 0140 | **An glao rialála é? (Is ea/Ní hea)**<br>Tabharfar le fios an mbeidh céadrogha ar cheannach ag an eisitheoir a bheidh infheidhmithe nuair a tharlaíonn teagmhas rialála a dhéanann difear d'incháilitheacht an chonartha do MREL. |

*IARSCRÍBHINN III*

## Cuid I: Samhail Pointe Sonraí Aonair

Athrófar na míreanna sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II i samhail pointe sonraí aonair a bheidh ina bhunús do chórais aonfhoirmeacha TF na n-institiúidí, na n-údarás inniúil agus na n-údarás réitigh.

Comhlíonfaidh an tsamhail pointe sonraí aonair na critéir seo a leanas:

(a) go gcuirfidh sí uiríoll struchtúrtha ar fáil maidir leis na míreanna sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(b) go sainaithneofar inti na coincheapa gnó ar fad atá leagtha amach in Iarscríbhinní I agus II;

(c) go gcuirfear ar fáil léi foclóir sonraí ina sainaithnítear lipéid táblaí, lipéid ordanáidí, lipéid aiseanna, lipéid fearann, lipéid toisí agus lipéid bhall;

(d) go gcuirfear ar fáil léi méadrachtaí lena sainmhínítear airí nó méid na bpointí sonraí;

(e) go gcuirfear ar fáil léi sainmhínithe ar phointí sonraí a chuirtear in iúl mar chomhdhéanamh saintréithe a shainaithníonn an coincheap ar bhealach aonchiallach;

(f) go n-áireofar inti na sonraíochtaí teicniúla ábhartha ar fad is gá chun réitigh tuairiscithe TF a fhorbairt a chuirfidh sonraí maoirseachta aonfhoirmeacha ar fáil.

## Cuid II: Rialacha bailíochtaithe

Beidh na míreanna sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II faoi réir rialacha bailíochtaithe lena n-áirithítear cáilíocht agus comhsheasmhacht na sonraí.

Comhlíonfaidh na rialacha bailíochtaithe na critéir seo a leanas:

(a) go sainmhíneofar iontu an caidreamh loighciúil idir pointí sonraí ábhartha;

(b) go n-áireofar iontu scagairí agus réamhchoinníollacha lena sainítear sonraí a bhfuil feidhm ag riail bailíochtaithe ina leith;

(c) go seiceálfaidh siad comhsheasmhacht na sonraí tuairiscithe;

(d) go seiceálfaidh siad cruinneas na sonraí tuairiscithe;

(e) go leagfar síos leo luachanna a chuirfear i bhfeidhm i gcás nach dtuairiscítear an fhaisnéis ábhartha.

*IARSCRÍBHINN IV*

## Uiríoll caighdeánaithe na ranguithe dócmhainneachta

### Rangú náisiúnta dócmhainneachta

Ballstát: [ ]

| **Rangú (1)** | **Ainm** | **Tuairisc** | **Bunús dlí** | **Barúlacha** |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| 7 | | | | |
| 8 | | | | |
| 9 | | | | |
| 10 | | | | |
| 11 | | | | |
| 12 | | | | |
| 13 | | | | |
| 14 | | | | |
| 15 | | | | |
| 16 | | | | |
| 17 | | | | |

| Rangú ([1]) | Ainm | Tuairisc | Bunús dlí | Barúlacha |
|---|---|---|---|---|
| 18 | | | | |
| 19 | | | | |
| 20 | | | | |
| | | | | |

([1]) Tosaíonn an rangú leis na hionstraimí agus míreanna rangaithe is ísle. Más rud é go bhfuil níos lú ná 20 rangú difriúla sa dlínse, i gcás na rónna a chomhfhreagraíonn do na ranguithe dócmhainneachta nach ann dóibh ar chor ar bith, fágfar folamh iad

*IARSCRÍBHINN V*

**NOCHTADH MAIDIR LE MREL/TLAC – TEIMPLÉID**

| Cód an teimpléid | Ainm an teimpléid |
|---|---|
| EU KM2 | Príomh-mhéadrachtaí – MREL agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe |
| EU TLAC1 | Comhdhéanamh – MREL agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe |
| EU iLAC | Cumas inmheánach ionsúcháin caillteanas: MREL inmheánach agus, i gcás inarb infheidhme, an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE |
| EU TLAC2 | Rangú creidiúnaithe – Eintiteas nach eintiteas réitigh é |
| EU TLAC3 | Rangú creidiúnaithe – eintiteas réitigh |

**EU KM2: Príomh-mhéadrachtaí – MREL agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

| | | a | b | c | d | e | f |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)** | **Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC)** | | | | |
| | | **T** | **T** | **T-1** | **T-2** | **T-3** | **T-4** |
| **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe, cóimheasa agus comhpháirteanna** | | | | | | | |
| 1 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe | | | | | | |
| EU-1a | Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | | | | | |
| 2 | Méid iomlán na risíochta ar phriacal atá ag an ngrúpa réitigh (TREA) | | | | | | |
| 3 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA | | | | | | |
| EU-3a | Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | | | | | |
| 4 | Tomhas na risíochta iomláine (TEM) atá ag an ngrúpa réitigh | | | | | | |
| 5 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM | | | | | | |
| EU-5a | Ar díobh sin cistí dílse nó dliteanais fho-ordaithe | | | | | | |
| 6a | An bhfuil feidhm ag an díolúine fo-ordúcháin in Airteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013? (díolúine 5 %) | | | | | | |
| 6b | Méid comhiomlán na ndliteanas incháilithe nach bhfuil fho-ordaithe a cheadaítear in ionstraimí má chuirtear an lánrogha fo-ordúcháin i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (díolúine 3,5 % ar a mhéad) | | | | | | |

| | | a | b | c | d | e | f |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) | Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) | | | | |
| | | T | T | T-1 | T-2 | T-3 | T-4 |
| 6c | Má tá feidhm ag díolúine fo-ordúcháin a bhfuil uasteorainn curtha uirthi i gcomhréir le hAirteagal 72b (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, méid an chistiúcháin a eisíodh atá rangaithe *pari passu* le dliteanais eisiata agus a aithnítear faoi ró 1, arna roinnt ar chistiú a eisíodh a rangaítear *pari passu* le dliteanais eisiata agus a d'aithneofaí faoi ró 1 mura gcuirfí aon uasteorainn i bhfeidhm (%) | | | | | | |
| **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)** | | | | | | | |
| EU-7 | MREL arna shloinneadh mar chéatadán de TREA | | | | | | |
| EU-8 | Atá le comhlíonadh le cistí dílse nó le dliteanais fho-ordaithe | | | | | | |
| EU-9 | MREL arna shloinneadh mar chéatadán de TEM | | | | | | |
| EU-10 | Atá le comhlíonadh le cistí dílse nó le dliteanais fho-ordaithe | | | | | | |

**EU TLAC1 – Comhdhéanamh – MREL agus, i gcás inarb infheidhme, Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

| | | a | b | c |
|---|---|---|---|---|
| | | An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL) | Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC) | Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC |
| **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe agus coigeartuithe** | | | | |
| 1 | Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) | | | |
| 2 | Caipiteal Breise Leibhéal 1 (AT1) | | | |
| 3 | Tacar folamh san Aontas | | | |

| | | a | b | c |
|---|---|---|---|---|
| | | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)** | **Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC)** | **Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC** |
| 4 | Tacar folamh san Aontas | | | |
| 5 | Tacar folamh san Aontas | | | |
| 6 | Caipiteal Leibhéal 2 (T2) | | | |
| 7 | Tacar folamh san Aontas | | | |
| 8 | Tacar folamh san Aontas | | | |
| 11 | Cistí dílse chun críoch Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE | | | |
| **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe: Gnéithe caipitil neamhrialála** | | | | |
| 12 | Ionstraimí dliteanas incháilithe a d'eisigh an t-eintiteas réitigh go díreach nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe) | | | |
| EU-12a | Ionstraimí dliteanas incháilithe a d'eisigh eintitis eile laistigh den ghrúpa réitigh atá fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe) | | | |
| EU-12b | Ionstraimí dliteanas incháilithe atá fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019 (atá fo-ordaithe, marthanaithe) | | | |
| EU-12c | Ionstraimí Leibhéal 2 ag a bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Leibhéal 2 | | | |
| 13 | Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe, sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm) | | | |
| EU-13a | Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019 (sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm) | | | |
| 14 | Méid na n-ionstraimí nach bhfuil fo-ordaithe agus atá incháilithe, i gcás inarb infheidhme tar éis chur i bhfeidhm Airteagal 72b (3) de CRR | | | |

| | | a | b | c |
|---|---|---|---|---|
| | | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)** | **Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC)** | **Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC** |
| 15 | Tacar folamh san Aontas | | | |
| 16 | Tacar folamh san Aontas | | | |
| 17 | Ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe | | | |
| EU-17a | Ar díobh sin ítimí dliteanas fo-ordaithe | | | |
| **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe: Coigeartuithe ar ghnéithe caipitil neamhrialála** | | | | |
| 18 | Cistí dílse agus ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe | | | |
| 19 | (Risíochtaí idir grúpaí réitigh faoi réir dul isteach ilphointe (MPE) a asbhaint) | | | |
| 20 | (Infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile a asbhaint) | | | |
| 21 | Tacar folamh san Aontas | | | |
| 22 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe tar éis coigeartuithe | | | |
| EU-22a | Ar díobh sin: cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | | |
| **An méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus tomhas na risíochta ar ghiaráil atá ag an ngrúpa réitigh** | | | | |
| 23 | Méid iomlán na risíochta ar phriacal (TREA) | | | |
| 24 | Tomhas na risíochta iomláine (TEM) | | | |
| **Cóimheas cistí dílse agus dliteanais incháilithe** | | | | |
| 25 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA | | | |
| EU-25a | Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | | |
| 26 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM | | | |
| EU-26a | Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe | | | |

| | | a | b | c |
|---|---|---|---|---|
| | | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)** | **Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC)** | **Ítim meabhráin: Méideanna atá incháilithe chun críocha MREL ach nach bhfuil incháilithe chun críocha TLAC** |
| 27 | CET1 (mar chéatadán de TREA) atá ar fáil tar éis chomhlíonadh cheanglais an ghrúpa réitigh | | | |
| 28 | Ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach | | | |
| 29 | ar díobh sin an ceanglas maoláin chaomhnaithe caipitil | | | |
| 30 | ar cuid de sin an ceanglas maoláin fhrith-thimthriallaigh | | | |
| 31 | ar cuid de sin an ceanglas maoláin um priacal sistéamach | | | |
| EU-31a | ar cuid de sin maolán institiúide domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach léi (G-SII) nó maolán institiúide eile a bhfuil tábhacht shistéamach léi (O-SII) | | | |
| **Ítimí meabhráin** | | | | |
| EU-32 | Méid iomlán na ndliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 | | | |

**EU ILAC – Cumas inmheánach ionsúcháin caillteanas: MREL inmheánach agus, i gcás inarb infheidhme, an ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE**

| | | a | b | c |
|---|---|---|---|---|
| | | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL inmheánach)** | **Ceanglas G-SII neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC inmheánach)** | **Faisnéis cháilíochtúil** |
| **An ceanglas is infheidhme agus an leibhéal cur i bhfeidhm** | | | | |
| EU-1 | An bhfuil an t-eintiteas faoi réir cheanglas G-SII neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe? (Tá/Níl) | | | |
| EU-2 | Má thugtar an freagra 'Tá' ar EU-1, an bhfuil an ceanglas infheidhme ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn aonair? (C/A) | | | |
| EU-2a | An bhfuil an t-eintiteas faoi réir MREL inmheánach? (Tá/Níl) | | | |

| | | a | b | c |
|---|---|---|---|---|
| | | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL inmheánach)** | **Ceanglas G-SII neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC inmheánach)** | **Faisnéis cháilíochtúil** |
| EU-2b | Má thugtar an freagra 'Tá' ar EU-2a, an bhfuil an ceanglas infheidhme ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn aonair? (C/A) | | | |
| **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe** | | | | |
| EU-3 | Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) | | | |
| EU-4 | Caipiteal breise Leibhéal 1 atá incháilithe | | | |
| EU-5 | Caipiteal Leibhéal 2 atá incháilithe | | | |
| EU-6 | Cistí dílse incháilithe | | | |
| EU-7 | Dliteanais incháilithe | | | |
| EU-8 | ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh | | | |
| EU-9a | (Coigeartuithe) | | | |
| EU-9b | Cistí dílse agus ítimí dliteanas incháilithe tar éis coigeartuithe | | | |
| **Méid iomlán na risíochta ar phriacal agus tomhas na risíochta iomláine** | | | | |
| EU-10 | Méid iomlán na risíochta ar phriacal (TREA) | | | |
| EU-11 | Tomhas na risíochta iomláine (TEM) | | | |
| **Cóimheas cistí dílse agus dliteanais incháilithe** | | | | |
| EU-12 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA | | | |

| | | a | b | c |
|---|---|---|---|---|
| | | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL inmheánach)** | **Ceanglas G-SII neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC inmheánach)** | **Faisnéis cháilíochtúil** |
| EU-13 | ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh | | | |
| EU-14 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM | | | |
| EU-15 | ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh | | | |
| EU-16 | CET1 (mar chéatadán de TREA) atá ar fáil tar éis chomhlíonadh cheanglais an eintitis | | | |
| EU-17 | Ceanglas maoláin chomhcheangailte atá institiúidsonrach | | | |
| **Ceanglais** | | | | |
| EU-18 | Ceanglas arna shloinneadh mar chéatadán de TREA | | | |
| EU-19 | ar díobh sin an chuid den cheanglas a fhéadfar a chomhlíonadh le ráthaíocht | | | |
| EU-20 | Ceanglas arna shloinneadh mar chéatadán de TEM | | | |
| EU-21 | ar díobh sin an chuid den cheanglas a fhéadfar a chomhlíonadh le ráthaíocht | | | |
| **Ítimí meabhráin** | | | | |
| EU-22 | Méid iomlán na ndliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 | | | |

**EU TLAC2a: Rangú creidiúnaithe – Eintiteas nach eintiteas réitigh é**

| | | Rangú dócmhainneachta | | | | | | | Suim 1 go n |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 1 | 2 | 2 | ... | n | n | |
| | | (is sóisearaí) | (is sóisearaí) | | | | (is sinsearaí) | (is sinsearaí) | |
| | | Eintiteas réitigh | Eile | Eintiteas réitigh | Eile | ... | Eintiteas réitigh | Eile | |
| 1 | Tacar folamh san Aontas | | | | | | | | |
| 2 | Tuairisc ar an rang dócmhainneachta (téacs saor) | | | | | | | | |
| 3 | Dliteanais agus cistí dílse | | | | | | | | |
| 4 | ar díobh sin dliteanais eisiata | | | | | | | | |
| 5 | Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata | | | | | | | | |
| 6 | Fo-thacar dliteanas agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata ar cistí dílse agus dliteanais incháilithe iad chun críoch [roghnaigh an ceann is iomchuí: MREL inmheánach/TLAC inmheánach] | | | | | | | | |
| 7 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 1 bhliain < 2 bhliain iontu | | | | | | | | |
| 8 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 2 bhliain < 5 bliana iontu | | | | | | | | |
| 9 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 5 bliana < 10 mbliana iontu | | | | | | | | |
| 10 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 10 mbliana iontu, gan urrúis suthaine san áireamh | | | | | | | | |
| 11 | ar díobh sin urrúis suthaine | | | | | | | | |

**EU TLAC2b: Rangú creidiúnaithe – Eintiteas nach eintiteas réitigh é**

| | | Rangú dócmhainneachta | | | | | | | Suim 1 go n |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 1 | 2 | 2 | … | n | n | |
| | | (is sóisearaí) | (is sóisearaí) | | | | (is sinsearaí) | (is sinsearaí) | |
| | | **Eintiteas réitigh** | **Eile** | **Eintiteas réitigh** | **Eile** | **…** | **Eintiteas réitigh** | **Eile** | |
| 1 | Tacar folamh san Aontas | | | | | | | | |
| 2 | Tuairisc ar an rang dócmhainneachta (téacs saor) | | | | | | | | |
| 3 | Tacar folamh san Aontas | | | | | | | | |
| 4 | Tacar folamh san Aontas | | | | | | | | |
| 5 | Tacar folamh san Aontas | | | | | | | | |
| 6 | Cistí dílse agus dliteanais incháilithe chun críoch MREL inmheánach | | | | | | | | |
| 7 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 1 bhliain < 2 bhliain iontu | | | | | | | | |
| 8 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 2 bhliain < 5 bliana iontu | | | | | | | | |
| 9 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 5 bliana < 10 mbliana iontu | | | | | | | | |
| 10 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 10 mbliana iontu, gan urrúis suthaine san áireamh | | | | | | | | |
| 11 | ar díobh sin urrúis suthaine | | | | | | | | |

**EU TLAC3a: rangú creidiúnaithe – eintiteas réitigh**

| | | Rangú dócmhainneachta | | | | Suim 1 go n |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **1** | **2** | **...** | **n** | |
| | | (is sóisearaí) | | | (is sinsearaí) | |
| 1 | Tuairisc ar an rang dócmhainneachta (téacs saor) | | | | | |
| 2 | Dliteanais agus cistí dílse | | | | | |
| 3 | ar díobh sin dliteanais eisiata | | | | | |
| 4 | Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata | | | | | |
| 5 | Fo-thacar dliteanas agus cistí dílse lúide dliteanais a eisiatar ó chistí dílse agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe maidir le comhlíonadh [roghnaigh an ceann is iomchuí: MREL/TLAC] | | | | | |
| 6 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 1 bhliain < 2 bhliain iontu | | | | | |
| 7 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 2 bhliain < 5 bliana iontu | | | | | |
| 8 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 5 bliana < 10 mbliana iontu | | | | | |
| 9 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 10 mbliana iontu, gan urrúis suthaine san áireamh | | | | | |
| 10 | ar díobh sin urrúis suthaine | | | | | |

**EU TLAC3b: rangú creidiúnaithe – eintiteas réitigh**

| | | Rangú dócmhainneachta | | | | Suim 1 go n |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | ... | n | |
| | | (is sóisearaí) | | | (is sinsearaí) | |
| 1 | Tuairisc ar an rang dócmhainneachta (téacs saor) | | | | | |
| 2 | Tacar folamh san Aontas | | | | | |
| 3 | Tacar folamh san Aontas | | | | | |
| 4 | Tacar folamh san Aontas | | | | | |
| 5 | Cistí dílse agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun MREL a chomhlíonadh | | | | | |
| 6 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 1 bhliain < 2 bhliain iontu | | | | | |
| 7 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 2 bhliain < 5 bliana iontu | | | | | |
| 8 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 5 bliana < 10 mbliana iontu | | | | | |
| 9 | a bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 10 mbliana iontu, gan urrúis suthaine san áireamh | | | | | |
| 10 | ar díobh sin urrúis suthaine | | | | | |

*IARSCRÍBHINN VI*

## Treoracha maidir le teimpléid nochta

1. Treoracha ginearálta: Struchtúr agus coinbhinsiúin

1.1. Struchtúr

1. Tá trí ghrúpa teimpléid sa chreat seo le haghaidh nochtadh faisnéise maidir le MREL agus TLAC:

   (a) MREL agus TLAC atá ag na grúpaí réitigh agus na heintitis réitigh;

   (b) MREL agus TLAC atá ag na heintitis neamh-réitigh agus ag fochuideachtaí ábhartha na n-institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo neamh-AE (G-SIInna);

   (c) rangú creidiúnaithe eintiteas réitigh;

2. I gcás gach teimpléid tá tagairtí dlí curtha ar fáil. Áirítear san Iarscríbhinn seo tuilleadh faisnéise mionsonraithe faoi ghnéithe níos ginearálta den tuairisciú ar gach tacar teimpléad agus treoracha maidir le suíomhanna sonracha.

1.2. Giorrúcháin

3. Tá feidhm ag na giorrúcháin seo a leanas chun críocha na nIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo:

   (a) le 'MREL' tagraítear don íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe de bhun Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE;

   (b) le 'TLAC' tagraítear do na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna de bhun Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

   (c) le 'TLAC inmheánach' tagraítear don cheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

   (d) le 'MREL inmheánach' tagraítear do MREL a chuirtear i bhfeidhm ar eintitis nach eintitis réitigh iad de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE.

2. EU KM2: Príomh-mhéadrachtaí – MREL agus, i gcás inarb infheidhme, Ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

4. Míneoidh eintitis san insint a ghabhann leis an teimpléad aon difríocht ábhartha idir na méideanna cistí dílse a nochtadh agus méid IFRS 9 lánluchtaithe ar leibhéal an ghrúpa réitigh. Míneoidh siad chomh maith aon difríocht ábhartha idir méid IFRS 9 lánluchtaithe ar leibhéal an ghrúpa réitigh i gcomparáid le méid IFRS 9 lánluchtaithe ar leibhéal an ghrúpa stuamachta.

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| a | Sa cholún seo nochtfaidh eintitis an fhaisnéis ábhartha maidir le MREL i gcomhréir le hAirteagail 45 agus 45e de Threoir 2014/59/AE.<br>Nochtfaidh eintitis an luach ag deireadh na tréimhse nochta. |

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| b go f | Eintitis ar G-SIInna iad atá faoi réir cheanglas TLAC de bhun Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nochtfaidh siad an fhaisnéis ábhartha faoin gceanglas sin sna colúin seo.<br>Tréimhsí ráithiúla is ea tréimhsí nochta T, t-1, t-2, t-3 agus t-4. Nochtfaidh eintitis na dátaí a chomhfhreagraíonn do na tréimhsí nochta. I gcás eintitis a nochtfaidh an fhaisnéis sin ar bhonn ráithiúil, soláthróidh siad sonraí le haghaidh thréimhsí T, t-1, t-2, t-3 agus t-4; i gcás eintitis a nochtfaidh an fhaisnéis sin ar bhonn leathbhliantúil, soláthróidh siad sonraí le haghaidh thréimhsí T, t-2 agus t-4; agus i gcás eintitis a nochtfaidh an fhaisnéis sin ar bhonn bliantúil, soláthróidh siad sonraí le haghaidh thréimhsí T agus t-4 |

| Rónna | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 1 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe**<br>Cothrom leis na luachanna a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró 22. |
| EU-1a | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe – Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br>Cothrom leis an luach a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró EU-22a.<br>Cistí dílse, dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) den Treoir sin agus dliteanais a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 2 | **Méid iomlán na risíochta ar phriacal (TREA) atá ag an ngrúpa réitigh**<br>Cothrom leis an luach a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró 23.<br>Pointe (a) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 3 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA**<br>Cothrom leis na luachanna a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró 25.<br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a nochtfar i ró 1 mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-3a | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA – Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br>Cothrom leis an luach a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró EU-25a.<br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a léirítear i ró EU-1a mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Rónna | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 4 | **Tomhas na risíochta iomláine (TEM) atá ag an ngrúpa réitigh**<br>Cothrom leis an luach a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró 24.<br>Pointe (b) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE, Airteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 5 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM**<br>Cothrom leis an luach a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró 26.<br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a léirítear i ró 1 mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-5a | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM – Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br>Cothrom leis an luach a nochtadh i dteimpléad nochta EU TLAC1, ró EU-26a.<br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a léirítear i ró EU-1a mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 |
| 6a | **An bhfuil feidhm ag an díolúine fo-ordúcháin in Airteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013? (díolúine 5 %)**<br>Ní nochtfaidh ach eintitis atá faoi réir an cheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna faisnéis sa ró seo.<br>Má cheadaíonn an t-údarás réitigh dliteanais a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013, léireoidh an t-eintiteas tuairiscithe 'tá'.<br>Mura gceadóidh an t-údarás réitigh dliteanais a bheith incháilithe mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, léireoidh an grúpa réitigh nó an t-eintiteas réitigh 'níl'.<br>Ós rud é go bhfuil díolúintí in Airteagal 72b(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 comheisiatach, fágfar an ró sin folamh má tá ró 6b líonta isteach ag an eintiteas tuairiscithe. |
| 6b | **Méid comhiomlán na n-ionstraimí dliteanas incháilithe neamh-fho-ordaithe a cheadaítear má chuirtear an lánrogha fo-ordúcháin i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (díolúine 3,5 % ar a mhéad)**<br>Ní nochtfaidh ach eintitis atá faoi réir an cheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna faisnéis sa ró seo.<br>Méid comhiomlán na n-ionstraimí dliteanas incháilithe neamh-fho-ordaithe a cheadaigh an t-údarás réitigh iad a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe chun críoch TLAC de bhun Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Ós rud é go bhfuil díolúintí in Airteagal 72b(3) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 comheisiatach, fágfar an ró sin folamh má léiríonn an t-eintiteas 'tá' i ró 6a. |

| Rónna | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 6c | **Má tá feidhm ag díolúine fo-ordúcháin a bhfuil uasteorainn curtha léi i gcomhréir le hAirteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, méid an chistithe a eisíodh atá rangaithe *pari passu* le dliteanais eisiata agus a aithnítear faoi ró 1, arna roinnt le cistiú a eisíodh atá rangaithe *paru passu* le dliteanais eisiata agus a d'aithneofaí faoi ró 1 mura gcuirfí aon uasteorainn i bhfeidhm (%)**<br>Ní nochtfaidh eintitis an ró seo ach amháin faoi réir cheanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe.<br>Leis an ró seo, cuirtear in iúl d'úinéirí fiachais shinsearaigh a d'eisigh an t-eintiteas réitigh céatadán an fhiachais shinsearaigh neamheisiata a measadh a bheith incháilithe ionas go mbeidh siad in ann an córas asbhaintí a leagtar amach in Airteagal 72e de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm i gcás inarb infheidhme.<br>I gcás ina mbeidh feidhm ag díolúine fo-ordúcháin a bhfuil uasteorainn curtha léi faoi Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tuairisceoidh eintitis an méid seo a leanas:<br>(a) méid an chistithe a eisíodh atá rangaithe *pari passu* le dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus atá ar áireamh sa mhéid a léirítear i ró 1;<br>(b) arna roinnt ar an méid cistiúcháin a eisíodh atá rangaithe *pari passu* le dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a d'aithneofaí faoi ró 1 mura gcuirfí aon uasteorainn i bhfeidhm. |
| | **An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (MREL)** |
| EU-7 | **MREL arna shloinneadh mar chéatadán de TREA**<br>Íoscheanglas an eintitis maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinn an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45e de Threoir 2014/59/AE, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-8 | **MREL arna shloinneadh mar chéatadán de TREA – Atá le comhlíonadh le cistí dílse nó le dliteanais fho-ordaithe**<br>I gcás inarb infheidhme, an chuid de MREL a d'éiligh an t-údarás réitigh, de bhun mhíreanna (4) go (8) d'Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE, í a chomhlíonadh trí chistí dílse, ionstraimí incháilithe fo-ordaithe nó dliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal sin a úsáid, arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-9 | **MREL arna shloinneadh mar chéatadán de TEM**<br>Íoscheanglas an eintitis tuairiscithe maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinn an t-údarás réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45e de Threoir 2014/59/AE, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-10 | **MREL arna shloinneadh mar chéatadán de TEM – Atá le comhlíonadh le cistí dílse nó le dliteanais fho-ordaithe**<br>I gcás inarb infheidhme, an chuid de MREL a d'éiligh an t-údarás réitigh, de bhun mhíreanna (4) go (8) d'Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE, í a chomhlíonadh trí chistí dílse, ionstraimí incháilithe fo-ordaithe nó dliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal sin a úsáid, arna sloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

3. EU TLAC 1: Comhdhéanamh – MREL agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

   5. Ní áireofar leis an suíomh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a bhaineann leis an ngrúpa réitigh ach ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe a d'eisigh an t-eintiteas réitigh agus, i gcás ina gcomhlíontar Airteagal 45b (3) de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 88a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme, a d'eisigh fochuideachtaí an eintitis réitigh, agus eintitis lasmuigh den ghrúpa réitigh á n-eisiamh. Ar an gcaoi chéanna, tá suíomh na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe bunaithe ar mhéid iomlán na risíochta ar phriacal (coigeartaithe mar a cheadaítear faoi Airteagal 45h(2) de Threoir 2014/59/AE) agus ar thomhas na risíochta iomláine arna ríomh ar leibhéal an ghrúpa réitigh.

   6. Maidir leis na coigeartuithe rialála, nochtfaidh eintitis asbhaintí as cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar uimhreacha diúltacha agus nochtfaidh siad breiseanna ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe mar uimhreacha deimhneacha.

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| a | Sa cholún seo nochtfaidh eintitis an fhaisnéis ábhartha maidir le MREL de bhun Airteagail 45 agus 45e de Threoir 2014/59/AE. |
| b | Eintitis ar G-SIInna iad atá faoi réir cheanglas TLAC de bhun Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nochtfaidh siad an fhaisnéis ábhartha faoin gceanglas sin sa cholún seo. |
| c | Ní líonfaidh ach eintitis atá faoi réir cheanglas TLAC an colún seo isteach.<br>Léireoidh an colún seo an difríocht idir méideanna is infheidhme i gcomhthéacs cheanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE agus na méideanna is infheidhme i gcomhthéacs cheanglas Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 1 | **Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1)**<br>Caipiteal CET1 an ghrúpa réitigh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 2 | **Caipiteal Breise Leibhéal 1 (AT1)**<br>Caipiteal AT1 an ghrúpa réitigh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>I gcás MREL, ní áireofar ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír sa ró seo ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 6 | **Caipiteal Leibhéal 2 (T2)**<br>Caipiteal Leibhéal 2 an ghrúpa réitigh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>I gcás MREL, ní áireofar ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír sa ró seo ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 11 | **Cistí dílse chun críoch Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE**<br>Cistí dílse chun críoch Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE, atá le ríomh mar ró 1 móide ró 2 móide ró 6. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 12 | **Ionstraimí dliteanas incháilithe a d'eisigh an t-eintiteas réitigh go díreach atá fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe)**<br>*MREL*<br>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE atá ina n-ionstraimí incháilithe fo-ordaithe mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE agus arna n-eisiúint go díreach ag an eintiteas réitigh.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>*TLAC*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhliteanais a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin, agus arna n-eisiúint go díreach ag eintiteas réitigh.<br>Ní áireofar sa ró seo an chuid amúchta d'ionstraimí Leibhéal 2 i gcás inar mó an aibíocht iarmhair ná bliain amháin (pointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) ná na dliteanais incháilithe arna marthanú faoi Airteagal 494b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-12a | **Ionstraimí dliteanas incháilithe a d'eisigh eintitis eile laistigh den ghrúpa réitigh atá fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe)**<br>*MREL*<br>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE a d'eisigh fo-chuideachtaí agus a áirítear in MREL i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) den Treoir sin.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>*TLAC*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhliteanais a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin, a eisíonn fochuideachtaí agus atá incháilithe lena gcur in ionstraimí dliteanas comhdhlúite incháilithe de chuid eintitis de bhun Airteagal 88a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Ní áireofar sa ró seo an chuid amúchta d'ionstraimí Leibhéal 2 i gcás inar mó an aibíocht iarmhair ná bliain amháin (pointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) ná na dliteanais incháilithe arna marthanú faoi Airteagal 494b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-12b | **Ionstraimí dliteanas incháilithe atá fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019 (atá fo-ordaithe, marthanaithe)**<br>*MREL*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br>— eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br>— is ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;<br>— áirítear iad i gcistí dílse agus i ndliteanais incháilithe de thoradh Airteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| | I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br><br>— eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br><br>— comhlíonann siad pointe (d) d'Airteagal 72b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br><br>— cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe de thoradh marthanú a leagtar amach in Airteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-12c | **Ionstraimí Leibhéal 2 ina bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Leibhéal 2**<br><br>Cuid amúchta d'ionstraimí Leibhéal 2 i gcás inar mó an aibíocht iarmhair ná bliain amháin (pointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).<br><br>Ní léireofar sa ró seo ach an méid nach n-aithnítear i gcistí dílse, ach a chomhlíonann na critéir incháilitheachta uile a leagtar síos in Airteagal 72b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>I gcás MREL, ní áireofar ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír sa ró seo ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| 13 | **Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata (nach bhfuil marthanaithe, sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm)**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE agus nach bhfuil go hiomlán fo-ordaithe i leith éilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, agus a d'fhéadfadh a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) den Rialachán sin a cheadú nó a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b (4) den Rialachán sin.<br><br>I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 494(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nochtfar an méid iomlán sa ró seo gan feidhm a bheith ag na huasteorainneacha 3,5 % agus 2,5 % faoi seach.<br><br>Ní áireofar sa ró seo aon mhéid is féidir a aithint ar bhonn idirthréimhseach i gcomhréir le hAirteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-13a | **Dliteanais incháilithe nach bhfuil fo-ordaithe i leith dliteanais eisiata a eisíodh roimh an 27 Meitheamh 2019 (sula gcuirtear an uasteorainn i bhfeidhm)**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br><br>— eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br><br>— comhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE agus níl siad go hiomlán fo-ordaithe i leith éilimh a thagann as dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br><br>— cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe de thoradh marthanú a leagtar amach in Airteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:<br><br>— eisíodh iad roimh an 27 Meitheamh 2019;<br><br>— comhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin, agus d'fhéadfadh a cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) den Rialachán sin a cheadú nó a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br><br>— cáilíonn siad mar dhliteanais incháilithe de thoradh marthanú a leagtar amach in Airteagal 494b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 494(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nochtfar an méid iomlán sa ró seo gan feidhm a bheith ag na huasteorainneacha 3,5 % agus 2,5 % faoi seach. |
| 14 | **Méid na n-ionstraimí neamh-fho-ordaithe atá incháilithe, i gcás inarb infheidhme tar éis chur i bhfeidhm Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**<br><br>*MREL*<br><br>Beidh an ró seo cothrom le ró 13 móide ró EU-13a.<br><br>*TLAC*<br><br>I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, léirítear sa ró seo suim na méideanna a nochtar i rónna 13 agus 13a thuas tar éis Airteagal 72b(3) agus Airteagal 494(2) faoi seach den Rialachán sin a chur i bhfeidhm.<br><br>I gcás nach gcuirfear Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm, ach go mbaineann an t-eintiteas leas as cur i bhfeidhm Airteagal 72b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh an ró seo cothrom le ró 13 móide ró EU-13a. |
| 17 | **Ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe**<br><br>Ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe. Le ríomh mar ró 12 móide ró EU-12a móide ró EU-12b móide ró EU-12c móide ró 14. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-17a | **Ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe – Ar díobh sin ítimí dliteanas fo-ordaithe**<br><br>*MREL*<br><br>Dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE atá ina n-ionstraimí incháilithe fo-ordaithe mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) den Treoir sin, agus dliteanais a d'eisigh fo-chuideachtaí a áirítear in MREL i gcomhréir le hAirteagal 45b(3) den Treoir sin..<br><br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagail 72a go 72d de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé is moite de dhliteanas a cheadaítear a gcáiliú mar ionstraimí dliteanais incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) nó (4) den Rialachán sin.<br><br>Áireofar sa ró seo dliteanais fho-ordaithe atá incháilithe de thoradh marthanú i gcomhréir le hAirteagal 494b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an chuid amúchta d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 i gcás inar mó an aibíocht iarmhair ná bliain amháin (pointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013).<br><br>Le ríomh mar ró 12 móide ró EU-12a móide ró EU-12b móide EU-12c. |
| 18 | **Cistí dílse agus ítimí dliteanas incháilithe roimh choigeartuithe**<br><br>Cistí dílse agus ítimí dliteanas incháilithe sula gcoigeartófar iad. Le ríomh mar ró 11 móide ró 17. |
| 19 | **(Risíochtaí idir grúpaí réitigh faoi réir dul isteach ilphointe (MPE) a asbhaint)**<br><br>Méid diúltach<br><br>Asbhaintí risíochtaí idir grúpaí réitigh G-SII atá faoi réir MPE a chomhfhreagraíonn do shealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha ionstraimí cistí dílse nó ionstraimí dliteanas incháilithe atá ag fochuideachta amháin nó níos mó nach bhfuil sa ghrúpa réitigh céanna leis an eintiteas réitigh, i gcomhréir le hAirteagal 72e(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 20 | **(Infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile a asbhaint)**<br><br>Méid diúltach<br><br>Asbhaintí infheistíochtaí in ionstraimí dliteanas incháilithe eile i gcomhréir le hAirteagal 72e (1) go (3) agus Airteagail 72f, 72g, 72h, 72i agus 72j de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. An méid atá le hasbhaint ó ítimí dliteanas incháilithe i gcomhréir le Roinn 2 de Chaibidil 5a de Theideal I de Chuid a Dó de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| 22 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe tar éis coigeartuithe**<br><br>Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 72l de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Le ríomh mar ró 18 móide ró 19 móide ró 20. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| | *MREL*<br><br>Nochtfar méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL mar shuim an mhéid seo a leanas:<br><br>(i) cistí dílse mar a leagtar amach i bpointe (118) d'Airteagal 4(1) agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013,<br><br>(ii) dliteanais incháilithe mar a shainítear i bpointe (71a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE.<br><br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br><br>*TLAC*<br><br>Is éard a bheidh i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe a chuirfear san áireamh le haghaidh TLAC an méid dá dtagraítear in Airteagal 72l de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arb éard a bheidh ann:<br><br>(i) cistí dílse mar a leagtar amach i bpointe (118) d'Airteagal 4(1) agus Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;<br><br>(ii) dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-22a | **Ar a bhfuil cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br><br>Cistí dílse, dliteanais incháilithe a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b de Threoir 2014/59/AE ar ionstraimí incháilithe fo-ordaithe iad mar a shainmhínítear i bpointe (71b) d'Airteagal 2(1) den Treoir sin agus dliteanais a áirítear i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe de bhun Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE. |
| 23 | **Méid iomlán na risíochta ar phriacal (TREA)**<br><br>Méid iomlán na risíochta ar phriacal atá ag an ngrúpa réitigh i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Is éard a bheidh i méid iomlán na risíochta ar phriacal a nochtfar sa ró seo méid iomlán na risíochta ar phriacal atá mar bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme. |
| 24 | **Tomhas na risíochta iomláine (TEM)**<br><br>De réir phointe (b) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE, tomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Is éard a bheidh i dtomhas na risíochta iomláine a thuairisceofar sa ró seo tomhas na risíochta iomláine atá mar bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme. |
| 25 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA**<br><br>Chun críoch an ró seo, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL nó TLAC, de réir mar is infheidhme mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Le ríomh mar ró 22 roinnte ar ró 23. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-25a | **Ar a bhfuil cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br><br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Le ríomh mar ró 22a roinnte ar ró 23. |
| 26 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM**<br><br>Chun críoch an ró seo, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 45(2) de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL nó TLAC, de réir mar is infheidhme, mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Le ríomh mar ró 22 roinnte ar ró 24. |
| EU-26a | **Ar díobh sin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe**<br><br>Chun críoch an ró seo, sloinnfear méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe fo-ordaithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br><br>Le ríomh mar ró 22a roinnte ar ró 24. |
| 27 | **CET1 (mar chéatadán de TREA) atá ar fáil tar éis chomhlíonadh cheanglais an ghrúpa réitigh**<br><br>Méid CET1, mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal, atá cothrom le nialas nó atá deimhneach, atá ar fáil tar éis gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 141a(1) de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh agus is airde ná:<br><br>(a) i gcás inarb infheidhme, ceanglas G-SII maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nuair a ríomhtar iad i gcomhréir le pointe (a) de mhír (1) den Airteagal sin agus<br><br>(b) an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le pointe (a) de mhír (2) den Airteagal sin.<br><br>An figiúr tuairiscithe, beidh sé comhionann i gcolún MREL inmheánach agus i gcolún TLAC inmheánach.<br><br>Cuirfear san áireamh ann éifeacht na bhforálacha idirthréimhseacha ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe, méid iomlán na risíochta ar phriacal agus na ceanglais iad féin. Ní chuirfear san áireamh an treoir maidir le cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104b de Threoir 2013/36/AE ná an ceanglas maoláin chomhcheangailte i bpointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 den Treoir sin. |
| 28 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach**<br><br>An ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach a shainmhínítear i bpointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal, atá infheidhme maidir leis an ngrúpa réitigh i gcomhréir le pointe (6) den chéad fhomhír den Airteagal sin. |
| 29 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach – Ar cuid de sin ceanglas maoláin chaomhnaithe caipitil**<br><br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin chaomhnaithe caipitil. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 30 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach – Ar cuid de sin ceanglas maoláin fhrith-thimthriallaigh**<br><br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin fhrith-thimthriallaigh. |
| 31 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach – Ar cuid de sin ceanglas maoláin um priacal sistéamach**<br><br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann leis an gceanglas maoláin um priacal sistéamach. |
| EU-31a | **An ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach – Ar cuid de sin maolán institiúide domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach léi (G-SII) nó maolán institiúide eile a bhfuil tábhacht shistéamach léi (O-SII)**<br><br>Méid an mhaoláin chomhcheangailte institiúidsonraigh (arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal) a bhaineann le ceanglas maoláin G-SII nó O-SII. |
| EU-32 | **Méid iomlán na ndliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013** |

4. EU iLAC: Cumas inmheánach ionsúcháin caillteanas: MREL inmheánach agus, i gcás inarb infheidhme, ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE (TLAC inmheánach)

   7. Sa teimpléad seo nochtar cistí dílse agus dliteanais incháilithe na n-eintiteas nach eintitis réitigh iad chun críocha an cheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE (MREL inmheánach) chomh maith leis an gceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe le haghaidh G-SIInna neamh-AE atá infheidhme maidir le fochuideachtaí ábhartha de chuid G-SIInna tríú tír a leagtar síos in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (TLAC inmheánach).

| Colúin | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| a | Sa cholún seo nochtfaidh eintitis an fhaisnéis ábhartha maidir le MREL inmheánach i gcomhréir le hAirteagail 45 agus 45f de Threoir 2014/59/AE. |
| b | Maidir le heintitis ar fochuideachtaí ábhartha de G-SIInna neamh-AE iad de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nochtfaidh siad an fhaisnéis ábhartha maidir le TLAC inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sa cholún seo. |
| c | Faisnéis cháilíochtúil a bhaineann leis an gceanglas is infheidhme agus an leibhéal cur i bhfeidhm. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-1 | **An bhfuil an t-eintiteas faoi réir cheanglas G-SII neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe? (Tá/Níl)**<br>An bhfuil an t-eintiteas faoi réir cheanglas TLAC inmheánach de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-2 | **Má thugtar an freagra 'Tá' ar EU-1, an bhfuil an ceanglas infheidhme ar bhonn comhdhlúite nó aonair? (C/A)**<br>An bhfuil an t-eintiteas faoi réir cheanglas inmheánach TLAC ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn aonair, de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>I gcás ina bhfuil an ceanglas ar bhonn comhdhlúite, líonfar isteach an teimpléad iomlán seo ar bhonn comhdhlúite. I ngach cás eile, líonfar isteach an teimpléad seo ar bhonn aonair. |
| EU-2a | **An bhfuil an t-eintiteas faoi réir MREL inmheánach? (Tá/Níl)**<br>An bhfuil an t-eintiteas faoi réir MREL de bhun Airteagail 45 agus 45f de Threoir 2014/59/AE. |
| EU-2b | **Má thugtar an freagra 'Tá' ar EU-2a, an bhfuil an ceanglas infheidhme ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn aonair? (C/A)**<br>Cé acu an t-eintiteas faoi réir MREL inmheánach ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn aonair.<br>I gcás ina bhfuil an ceanglas ar bhonn comhdhlúite, líonfar isteach an teimpléad iomlán seo ar bhonn comhdhlúite. I ngach cás eile, líonfar isteach an teimpléad seo ar bhonn aonair. |
| EU-3 | **Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1)**<br>Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br>Caipiteal CET1, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. |
| EU-4 | **Caipiteal breise Leibhéal 1 atá incháilithe**<br>Airteagal 61 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br>Ní chuirfear ionstraimí breise Leibhéal 1 san áireamh ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i bpointe (b)(ii) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE.<br>I gcás MREL inmheánach, cuirfear na hionstraimí dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 89(2) de Threoir 2014/59/AE san áireamh i gcás ina mbeidh feidhm ag an mír sin. Ní áireofar ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír sa ró seo ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| EU-5 | **Caipiteal incháilithe Leibhéal 2**<br>Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<br>Ní chuirfear ionstraimí Leibhéal 2 san áireamh ach amháin i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i bpointe (b)(ii) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE.<br>I gcás MREL inmheánach, cuirfear na hionstraimí dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 89(2) de Threoir 2014/59/AE san áireamh i gcás ina mbeidh feidhm ag an mír sin. Ní áireofar ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír sa ró seo ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE. |
| EU-6 | **Cistí dílse incháilithe**<br>Suim chaipiteal CET1, chaipiteal breise Leibhéal 1 atá incháilithe agus chaipiteal Leibhéal 2 atá incháilithe. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-7 | **Dliteanais incháilithe**<br>*MREL inmheánach*<br>Dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE, agus i gcás inarb infheidhme, an ceathrú fomhír d'Airteagal 89(2) den Treoir sin á cur san áireamh chomh maith.<br>I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>I gcas ina gceadóidh údarás réitigh na fochuideachta don eintiteas MREL inmheánach a chomhlíonadh le ráthaíochtaí, áireofar méid na ráthaíochtaí a sholáthróidh an t-eintiteas réitigh agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE sa ró seo chomh maith.<br>*TLAC inmheánach*<br>Ríomhfar méid na ndliteanas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 72k de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcás ina gcomhlíonfaidh na dliteanais sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 92b(2) den Rialachán sin. |
| EU-8 | **Dliteanais incháilithe – ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh**<br>I gcas ina gceadóidh údarás réitigh na fochuideachta don eintiteas MREL inmheánach a chomhlíonadh le ráthaíochtaí a sholáthróidh an t-eintiteas réitigh agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE. |
| EU-9a | **(Coigeartuithe)**<br>Méid diúltach<br>Asbhaintí nó a gcoibhéis a cheanglaítear i gcomhréir leis an modh a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 45f(6) de Threoir 2014/59/AE. |
| EU-9b | **Cistí dílse agus ítimí dliteanas incháilithe tar éis coigeartuithe**<br>*MREL inmheánach*<br>Méideanna chistí dílse incháilithe agus dhliteanais incháilithe an eintitis, glanchoigeartuithe a chuirtear san áireamh le haghaidh MREL inmheánach mar a leagtar amach in Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE, agus, i gcás inarb infheidhme, an ceathrú fomhír d'Airteagal 89(2) den Treoir sin á cur san áireamh chomh maith. I gcás ionstraimí faoi rialú dlí tríú tír, ní áireofar an ionstraim sa ró seo ach amháin má chomhlíonann sí ceanglais Airteagal 55 de Threoir 2014/59/AE.<br>Le ríomh mar ró EU-6 móide ró EU-7 móide ró EU-9a.<br>*TLAC inmheánach*<br>Cistí dílse incháilithe agus dliteanais incháilithe a chuirtear san áireamh le haghaidh G-SIInna neamh-AE mar a leagtar amach in Airteagal 92b(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Le ríomh mar ró EU-6 móide ró EU-7. |
| EU-10 | **Méid iomlán na risíochta ar phriacal (TREA)**<br>Méid iomlán na risíochta ar phriacal atá ag an eintiteas aonair nó ag an ngrúpa comhdhlúite ar an leibhéal ar a socraíodh na ceanglais, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Is éard a bheidh i méid iomlán na risíochta ar phriacal a thuairisceofar sa ró seo méid iomlán na risíochta ar phriacal atá mar bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-11 | **Tomhas na risíochta iomláine (TEM)**<br>Tomhas na risíochta iomláine (ainmneoir den chóimheas giarála), atá ag aneintiteas aonair nó ag an ngrúpa comhdhlúite ar an leibhéal ar a socraíodh na ceanglais, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 429(4) agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.<br>Is éard a bheidh i dtomhas na risíochta iomláine a thuairisceofar sa ró seo tomhas na risíochta iomláine atá mar bhonn le comhlíonadh cheanglais Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE nó Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme. |
| EU-12 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA**<br>Cóimheas cistí dílse agus dliteanas incháilithe mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal.<br>Le ríomh mar ró EU-9b roinnte ar ró EU-10. |
| EU-13 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TREA – ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh**<br>I gcas ina gceadóidh údarás réitigh na fochuideachta don eintiteas MREL inmheánach a chomhlíonadh le ráthaíochtaí, méid na ráthaíochtaí a sholáthróidh an t-eintiteas réitigh agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal.<br>Le ríomh mar ró EU-8 roinnte ar ró EU-10. |
| EU-14 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM**<br>Cóimheas cistí dílse agus dliteanas incháilithe mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine.<br>Le ríomh mar ró EU-9b roinnte ar ró EU-11. |
| EU-15 | **Cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar chéatadán de TEM – ar díobh sin ráthaíochtaí a ceadaíodh**<br>I gcas ina gceadóidh údarás réitigh na fochuideachta don eintiteas MREL inmheánach a chomhlíonadh le ráthaíochtaí, méid na ráthaíochtaí a sholáthróidh an t-eintiteas réitigh agus a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine.<br>Le ríomh mar ró EU-8 roinnte ar ró EU-11. |
| EU-16 | **CET1 (mar chéatadán de TREA) atá ar fáil tar éis chomhlíonadh cheanglais an eintitis**<br>Méid CET1, atá cothrom le nialas nó atá deimhneach, atá ar fáil tar éis gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 141d(1) de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh agus is airde ná:<br>(a) i gcás inarb infheidhme, ceanglas G-SII neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe de bhun Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nuair a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 92b(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar 90 % de cheanglas phointe (a) d'Airteagal 92a(1) den Rialachán sin agus<br>(b) an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe de bhun Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE, nuair a ríomhtar é i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 45(2) den Treoir sin.<br>An figiúr tuairiscithe, beidh sé comhionann i gcolún MREL agus i gcolún TLAC.<br>Cuirfear san áireamh ann éifeacht na bhforálacha idirthréimhseacha ar chistí dílse agus ar dhliteanais incháilithe, méid iomlán na rístíochta ar phriacal agus na ceanglais iad féin. Ní chuirfear san áireamh an treoir maidir le cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104b de Threoir 2013/36/AE ná an ceanglas maoláin chomhcheangailte i bpointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 den Treoir sin. |

| Ró | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| EU-17 | **Ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach**<br>Ceanglas maoláin chomhcheangailte institiúidsonrach a shainmhínítear i bpointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal, is infheidhme maidir leis an eintiteas i gcomhréir le pointe (6) den chéad fhomhír d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE. |
| EU-18 | **Ceanglas arna shloinneadh mar chéatadán de TREA**<br>*MREL inmheánach*<br>Ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe is infheidhme maidir leis an eintiteas i gcomhréir le hAirteagal 45f de Threoir 2014/59/AE, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal (ar an leibhéal aonair nó ar an leibhéal comhdhlúite, de réir mar is infheidhme).<br>*TLAC inmheánach*<br>Ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal (ar an leibhéal aonair nó ar an leibhéal comhdhlúite, de réir mar is infheidhme). |
| EU-19 | **Ceanglas arna shloinneadh mar chéatadán de TREA – an chuid den cheanglas a fhéadfar a chomhlíonadh le ráthaíocht**<br>I gcás inarb infheidhme, cuid den cheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal is féidir a chomhlíonadh le ráthaíocht a sholáthraíonn an t-eintiteas réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE. |
| EU-20 | **Ceanglas arna shloinneadh mar chéatadán de TEM**<br>*MREL inmheánach*<br>Ceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe is infheidhme maidir leis an eintiteas i gcomhréir le hAirteagal 45f de Threoir 2014/59/AE, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine (ar an leibhéal aonair nó ar leibhéal comhdhlúite mháthairghnóthas an Aontais, de réir mar is infheidhme).<br>*TLAC inmheánach*<br>Ceanglas a leagtar amach in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna shloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine (ar an leibhéal aonair nó ar an leibhéal comhdhlúite, de réir mar is infheidhme). |
| EU-21 | **Ceanglas arna shloinneadh mar chéatadán de TEM – an chuid den cheanglas a fhéadfar a chomhlíonadh le ráthaíocht**<br>I gcás inarb infheidhme, cuid den cheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe arna sloinneadh mar chéatadán de thomhas na risíochta iomláine is féidir a chomhlíonadh le ráthaíocht a sholáthraíonn eintiteas réitigh i gcomhréir le hAirteagal 45f(5) de Threoir 2014/59/AE. |
| EU-22 | **Méid iomlán na ndliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013** |

5. EU TLAC2: Rangú creidiúnaithe – eintitis nach eintitis réitigh iad

8. Nochtar an fhaisnéis atá i dteimpléad EU TLAC2 ar leibhéal an eintitis aonair.

9. Tá dhá leagan de theimpléad EU TLAC2 ann, mar atá, EU TLAC2a agus EU TLAC2b. In TLAC2a, léirítear an cistiú uile atá *pari passu* le hionstraimí atá incháilithe le haghaidh MREL nó atá sóisearach dóibh, lena n-áirítear cistí dílse agus ionstraimí caipitil eile. In EU TLAC2b, tá na cistí dílse agus na dliteanais atá incháilithe chun ceanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45f den Treoir sin, agus iad sin amháin.

10. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Rialachán seo, maidir le heintitis nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, ach atá faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45f den Treoir sin, féadfaidh siad a roghnú cé acu a úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh siad EU TLAC2a nó EU TLAC2b chun an ceanglas nochta a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh.

11. Ó dháta chur i bhfeidhm Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE, nochtfaidh eintitis eisiúna dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun MREL inmheánach agus ceanglais inmheánacha TLAC a chomhlíonadh faoi theimpléad TLAC2a. Roimh an dáta sin, nochtfaidh eintitis eisiúna dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun ceanglas TLAC inmheánach a chomhlíonadh.

12. Ní mór na méideanna gan íoc dá dtagraítear sna rónna a mhiondealú ina ranganna dócmhainneachta ar bhonn dhlí dócmhainneachta an eintitis eisiúna, gan beann ar dhlí rialaithe na hionstraime.

13. Is iad na ranguithe dócmhainneachta a chuirfidh an t-údarás réitigh inniúil in iúl i gcomhréir leis an leagan amach caighdeánaithe a shonraítear in Airteagal 8 den Rialachán seo.

14. Léirítear na ranganna in ord na sinsearachta; na cinn is sóisearaí ar dtús. Ní mór colúin le haghaidh ranganna a chur isteach go dtí go nochtfar na hionstraimí is sinsearaí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe.

15. Déantar an méid atá inchurtha i leith gach ranga a mhiondealú tuilleadh i méideanna atá faoi úinéireacht an eintitis réitigh, lena n-áirítear méideanna atá go díreach nó go hindíreach faoi úinéireacht an eintitis réitigh trí eintitis feadh an tslabhra úinéireachta, i gcás inarb infheidhme; agus méideanna eile nach leis an eintiteas réitigh iad, i gcás inarb infheidhme. I gcolún deireanach gach ró líonfar isteach méid iomlán gach ró.

| Rónna | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 1 | **Tacar folamh san Aontas** |
| 2 | **Tuairisc ar an rang dócmhainneachta (téacs saor)**<br>Beidh líon na ranganna dócmhainneachta (n) san ordlathas creidiúnaithe ag brath ar thacar dliteanas an eintitis eisiúna. Ba cheart sonraíocht na gcineálacha éileamh a thagann faoin rang dócmhainneachta sin a bheith san insint (*e.g.* CET1, ionstraimí Leibhéal 2).<br>Tá colún amháin ann le haghaidh gach ranga dócmhainneachta ina bhfuil an méid i seilbh an eintitis réitigh amháin, lena n-áirítear méideanna atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach an eintitis réitigh trí eintitis feadh an tslabhra úinéireachta, i gcás inarb infheidhme, agus an dara colún ina bhfuil cuid den mhéid in aghaidh an ranga i seilbh úinéirí nach iad an t-eintiteas réitigh iad freisin. |
| 3 | **Dliteanais agus cistí dílse**<br>Méid na gcistí dílse, na ndliteanas incháilithe agus na ndliteanas atá níos ísle ná na cistí dílse nó na dliteanais incháilithe, nó atá *pari passu* leo.<br>Áireofar leis sin freisin dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach.<br>Níl an ró seo infheidhme i dteimpléad EU TLAC2b. |
| 4 | **Dliteanais agus cistí dílse – Ar díobh sin dliteanais eisiata**<br>Miondealú ar na dliteanais a eisítear de bhun Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 44(2) de Threoir 2014/59/AE agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 44(3) de Threoir 2014/59/AE.<br>Níl an ró seo infheidhme i dteimpléad EU TLAC2b. |
| 5 | **Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata**<br>Dliteanais agus cistí dílse glan ar dhliteanais eisiata.<br>Níl an ró seo infheidhme i dteimpléad EU TLAC2b. |

| Rónna | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 6 | **Fo-thacar dliteanas agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata ar cistí dílse agus dliteanais incháilithe iad chun críoch MREL inmheánach/TLAC inmheánach**<br>Miondealú ar mhéid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe chun críocha MREL inmheánach nó chun críoch TLAC inmheánach, de réir mar is infheidhme i gcomhréir le mír 11 thuas. |
| 7 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 1 bhliain < 2 bhliain**<br>Fo-thacar de ró 6 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 8 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 2 bhliain < 5 bliana**<br>Fo-thacar de ró 6 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 9 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 5 bliana < 10 mbliana**<br>Fo-thacar de ró 6 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 10 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 10 mbliana, gan urrúis suthaine san áireamh**<br>Fo-thacar de ró 6 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 11 | **Ar cuid de sin urrúis suthaine**<br>Fo-thacar de ró 6 ar a bhfuil urrúis suthaine. |

6. EU TLAC3: Rangú creidiúnaithe – eintiteas réitigh

16. Nochtar an fhaisnéis atá i dteimpléad EU TLAC3 ar leibhéal an eintitis aonair.

17. Tá dhá leagan de theimpléad EU TLAC3 ann, mar atá, EU TLAC3a agus EU TLAC3b. Sa teimpléad EU TLAC3a, tá an cistiú uile atá *pari passu* le hionstraimí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe le haghaidh MREL, nó atá sóisearach dóibh, lena n-áirítear cistí dílse agus ionstraimí caipitil eile. Na méideanna nach bhfuil incháilithe de bharr ceanglas fo-ordúcháin agus dá bharr sin amháin, áireofar ina n-iomláine iad sa ró a chomhfhreagraíonn don rang dócmhainneachta ábhartha, *i.e.* gan na huasteorainneacha a chur i bhfeidhm. In EU TLAC3b, tá na cistí dílse agus na dliteanais atá incháilithe chun ceanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, agus iad sin amháin.

18. I gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Rialachán seo, maidir le heintitis nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chomhlíonadh, ach atá faoi réir na hoibleagáide ceanglas Airteagal 45 de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 45e den Treoir sin, féadfaidh siad rogha a dhéanamh cé acu a úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh siad EU TLAC3a nó EU TLAC3b chun an ceanglas nochta a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE a chomhlíonadh.

19. Ó dháta chur i bhfeidhm Airteagal 45i(3) de Threoir 2014/59/AE, nochtfaidh eintitis eisiúna dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun ceanglais MREL agus TLAC a chomhlíonadh faoi theimpléad EU TLAC3a. Roimh an dáta sin, nochtfaidh eintitis eisiúna dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe chun ceanglas TLAC inmheánach a chomhlíonadh.

20. Ní mór na méideanna gan íoc dá dtagraítear i rónna 2 go 10 a mhiondealú i rang dócmhainneachta ar bhonn dhlí dócmhainneachta an eintitis eisiúna, gan beann ar dhlí rialaithe na hionstraime.

21. Is iad na ranganna dócmhainneachta a chuirfidh an t-údarás réitigh inniúil in iúl i gcomhréir leis an leagan amach caighdeánaithe a shonraítear sa teimpléad tuairiscithe ábhartha.

22. Léirítear na ranganna in ord na sinsearachta; na cinn is sóisearaí ar dtús. Ní mór colúin le haghaidh ranganna a chur isteach go dtí go nochtfar na hionstraimí is sinsearaí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe.

| Rónna | Tagairtí dlíthiúla agus treoracha |
|---|---|
| 1 | **Tuairisc ar an rang dócmhainneachta (téacs saor)**<br>Beidh líon na ranganna dócmhainneachta (n) san ordlathas creidiúnaithe ag brath ar thacar dliteanas an eintitis. Tá colún amháin ann le haghaidh gach rang dócmhainneachta. Ba cheart sonraíocht na gcineálacha éileamh a thagann faoin rang dócmhainneachta sin a bheith san insint (*e.g.* CET1, ionstraimí Leibhéal 2). |
| 2 | **Dliteanais agus cistí dílse**<br>Méid na gcistí dílse, na ndliteanas incháilithe agus na ndliteanas atá níos ísle ná na cistí dílse nó na dliteanais incháilithe, nó atá *pari passu* leo.<br>Áireofar leis sin freisin dliteanais a eisiatar ón tarrtháil inmheánach.<br>Níl an ró seo infheidhme i dteimpléad EU TLAC3b. |
| 3 | **Dliteanais agus cistí dílse – Ar díobh sin dliteanais eisiata**<br>Miondealú ar na dliteanais a eisiatar de bhun Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 44(2) de Threoir 2014/59/AE agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 44(3) den Treoir sin.<br>Níl an ró seo infheidhme i dteimpléad EU TLAC3b. |
| 4 | **Dliteanais agus cistí dílse lúide dliteanais eisiata**<br>Dliteanais agus cistí dílse glan ar dhliteanais eisiata.<br>Níl an ró seo infheidhme i dteimpléad EU TLAC3b. |
| 5 | **Fo-thacar dliteanas agus cistí dílse lúide dliteanais a eisiatar ó chistí dílse agus dliteanais a d'fhéadfadh a bheith incháilithe maidir le MREL nó TLAC a chomhlíonadh**<br>Miondealú ar mhéid na gcistí dílse agus na ndliteanas is incháilithe chun críoch MREL nó chun críoch TLAC, de réir mar is infheidhme i gcomhréir le mír 19 thuas, gan na huasteorainneacha a chur i bhfeidhm i dtaca le dliteanais nach bhfuil fo-ordaithe a aithint. |
| 6 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 1 bhliain < 2 bhliain**<br>Fo-thacar de ró 5 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 7 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 2 bhliain < 5 bliana**<br>Fo-thacar de ró 5 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 8 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 5 bliana < 10 mbliana**<br>Fo-thacar de ró 5 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 9 | **Ina bhfuil aibíocht iarmhair ≥ 10 mbliana, gan urrúis suthaine san áireamh**<br>Fo-thacar de ró 5 ina bhfuil an aibíocht iarmhair ábhartha. |
| 10 | **Ar cuid de sin urrúis suthaine**<br>Fo-thacar de ró 5 ar cuid de sin urrúis suthaine. |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA